C/2026/3570

6.7.2026

OLAF-TUARASCAIL BHLIANTÚIL 2025

(C/2026/3570)

Comhaltaí an choiste

Marita Salgrāve
Cathaoirleach an Choiste Maoirseachta (ón 17 Deireadh Fómhair 2025)
Comhalta den choiste ó bhí an 23 Meán Fómhair 2022 ann

Bainisteoir sinsearach, IDI na hEagraíochta Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta, Uasfhorais Iniúchóireachta Ghairmiúla agus Ábhartha
Iar-Chomhalta den Chomhairle agus Iar-Stiúrthóir Iniúchóireachta, an tUasfhoras Iniúchóireachta, an Laitvia

Dušan Sterle
Comhalta den choiste ó bhí an 28 Márta 2022 ann

Comhairleoir Aire ag Buanionadaíocht Phoblacht na Slóivéine chuig an Aontas Eorpach, Aireacht Gnóthaí Eachtracha agus Eorpacha Phoblacht na Slóivéine
Iar-Stiúrthóir Oifig Maoirseachta Buiséid Phoblacht na Slóivéine

Angelo Maria Quaglini
Comhalta den choiste ó bhí an 23 Meán Fómhair 2022 ann

Breitheamh ag an gCúirt Iniúchóirí, an Iodáil

An tUasal Maria Stylianidi
Comhalta den choiste ó bhí an 6 Bealtaine 2025 ann

Aturnae agus Ollamh Cúnta in Ollscoil Frederick, An Chipir

An tUasal Andrei-Atila-Luca Chendi
Comhalta den choiste ó bhí an 1 Deireadh Fómhair 2025 ann

Iar-Stiúrthóir ar Rialú Treo (An Roinn Comhraic in aghaidh na Calaoise), An Rómáin

Teresa Anjinho
Comhalta den Choiste ón 23 Meán Fómhair 2022 go dtí an 7 Feabhra 2025

An tOmbudsman Eorpach, Strasbourg, An Fhrainc

Réamhrá

In 2025, lean Coiste Maoirseachta na hOifige Eorpaí Frith-Chalaoise (OLAF) dá chuid oibre i gcomhréir leis na tosaíochtaí a leagtar amach i Rialachán OLAF (Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013) agus ina chleachtais oibre bhunaithe. Sa dara cuid den bhliain, go háirithe, múnlaíodh gníomhaíochtaí an Choiste freisin le Páipéar Bán an Choimisiúin Eorpaigh maidir leis an Athbhreithniú ar an Ollstruchtúr Frithchalaoise, lenar tosaíodh machnamh níos leithne ar thodhchaí ollstruchtúr frithchalaoise an Aontais.

Mar cheann de na gníomhaithe laistigh den ollstruchtúr sin, lean an Coiste go gníomhach an plé sin atá ag teacht chun cinn agus rannchuidigh sé leis. Measann an Coiste go bhfuil tábhacht ar leith leis an tionscnamh sin, ós rud é go mbaineann calaois agus éilliú an bonn de mhuinín an phobail, go gcuireann siad iomaíocht chóir as a riocht agus go lagaíonn siad bunsraith airgeadais an Aontais. Ach an creat dlíthiúil a neartú agus an bealach a bhfeidhmíonn an córas frithchalaoise a nuachóiriú chuirfeadh sé sin ar a chumas don Aontas a bheith chun cinn ar rioscaí calaoise atá ag éirí níos sofaisticiúla i gcónaí, agus tuilleadh tacaíochta a thabhairt an tráth céanna do thionchar OLAF agus do ról a Choiste Maoirseachta.

— Ar cheann de mhór-rannchuidithe an Choiste leis an athbhreithniú ar ollstruchtúr frithchalaoise an Aontais, agus rud inar díríodh a chuid oibre go lárnach air in 2025, bhí measúnú cuimsitheach agus neamhspleách ar chur i bhfeidhm agus ar thionchar Rialachán OLAF. Tá tuairim an Choiste maidir leis an ábhar seo, ach an oiread lena chuid oibre ar fad, bunaithe go daingean ar fhianaise. Trí scrúdú a dhéanamh ar cháschomhaid agus ar chleachtas imscrúdaitheach OLAF, d'fhéach an Coiste le tuiscint a fháil ar an gcaoi ar fheidhmigh an córas i ndáiríre. Nuair a tháinig dúshláin shistéamacha chun cinn, d'fhéach an Coiste níos faide ná cásanna aonair chun na bunchúiseanna atá leo a shainaithint. Áirithítear leis an gcur chuige sin go dtugtar aghaidh ina chuid moltaí ar na bunchúiseanna agus go dtugtar treoraíocht stuama chun creat frithchalaoise an Aontais a neartú.

— Mhol an Coiste feabhsuithe ar an gcreat dlíthiúil agus ar chleachtais oibríochtúla ó thrí phríomhpheirspictíocht: (i) teorainneacha imscrúduithe OLAF, lena n-áirítear a sainordú agus a neamhspleáchas; (ii) seoladh imscrúduithe, lena n-áirítear a bhfad, ráthaíochtaí nós imeachta agus comhar le gníomhaithe eile laistigh den ollstruchtúr frithchalaoise; agus (iii) éifeachtacht agus breisluach mholtaí OLAF.

— In 2025, dhírigh an Coiste freisin ar ghné fhíorthábhachtach eile den chreat comhair: An dualgas atá ar OLAF tuairisc a thabhairt ar iompar coiriúil amhrasach d'Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (OIPE). Rinneadh imscrúdú san anailís ar an gcaoi a mbailíonn agus a ndéanann OLAF measúnú ar fhaisnéis ábhartha sula ndéantar cinneadh i dtaobh cás a thuairisciú, agus cé acu a thógtar nó nach dtógtar cinntí den sórt sin go neamhspleách, gan moill mhíchuí, agus i gcomhréir iomlán leis an gcreat dlíthiúil is infheidhme. Tá bailchríoch á cur faoi láthair ar anailís an Choiste agus cuirfear i láthair í i dtuairim thiomnaithe, atá beartaithe ag an gCoiste a ghlacadh sa chéad leath de 2026.

— Thairis sin, in 2025, agus i gcomhréir le cleachtas bliantúil an Choiste agus le Rialachán OLAF, rinne sé scrúdú ar réamhdhréacht-bhuiséad OLAF le haghaidh 2026 agus ghlac sé tuairim chomhfhreagrach. Mheas an Coiste gur sholáthair réamhdhréacht-bhuiséad OLAF 2026 bonn fónta chun cur ar a cumas don Oifig a sainordú agus a cúraimí a chomhlíonadh faoi Rialachán OLAF. An tráth céanna, chuir an Coiste i dtábhacht gur cheart d'aon laghdú breise ar acmhainní daonna OLAF a bheith faoi réir meastóireacht chríochnúil chúramach ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith acu ar fheidhmíocht OLAF agus ar a cumas a príomhfheidhmeanna a chur i gcrích. Chuir an Coiste i dtábhacht freisin an tábhacht atá le huirlisí intleachta saorga a fhorbairt agus a chur in úsáid chun dlús a chur faoi bhrath agus cosc na calaoise, agus thug sé ar aird go mbeadh tuilleadh infheistíochta i mbonneagar TF agus i saineolas speisialaithe riachtanach chun tacú leis na hiarrachtaí sin.

— Tá fad na n-imscrúduithe fós ina thráscaire tábhachtach ar éifeachtacht ghníomhaíocht OLAF. In 2025, lena an Coiste dá dhlúthfhaireachán ar amlínte imscrúduithe, agus dhírigh sé go háirithe ar chásanna a mhair níos faide ná 36 mhí. Rinne an Coiste scrúdú ar cé acu a bhí bonn cirt le bearnaí i ngníomhaíocht imscrúdaitheach, cé acu a tugadh dóthain tosaíochta d'imscrúduithe fada chun iad a thabhairt i gcrích, agus cé acu a bhí fad foriomlán gach cáis comhréireach go fóill lena chastacht. Soláthraítear tuilleadh sonraí maidir le torthaí an Choiste sa tuarascáil seo.

— Gné thábhachtach eile d'obair an Choiste in 2025 ba ea an measúnú grinn a rinneadh ar chur chun feidhme na moltaí a eisíodh do OLAF trí thuairimí an Choiste idir 2021 agus 2024. Fuair an Coiste gur cuireadh 58 % dá chuid moltaí chun feidhme go rathúil, cuireadh 17 % chun feidhme go páirteach, agus nach raibh 15 % infheidhme a thuilleadh i ngeall ar imthosca athraithe. Sa 10 % eile de chásanna, mheas an Coiste go raibh gá le céimeanna breise ó OLAF go fóill.

— Baineann na saincheisteanna gan réiteach den chuid is mó le hacmhainn OLAF a neartú ó thaobh fad na n-imscrúduithe a bhainistiú go héifeachtach, raon feidhme na n-imscrúduithe a shoiléiriú, agus comhar a fhorbairt tuilleadh idir OLAF agus OIPE. An tráth céanna, aithníonn an Coiste go bhfuil coinne le forbairtí tábhachtacha i gcomhthéacs an athbhreithnithe leanúnaigh ar ollstruchtúr frithchalaoise an Aontais. Soláthraítear tuilleadh sonraí maidir le torthaí an Choiste sa tuarascáil seo.

I gcuid de 2025, d'fheidhmigh an Coiste le struchtúr laghdaithe tar éis don Uasal Anjinho éirí as oifig i mí Feabhra 2025 agus tar éis don Uasal Cretin éirí as oifig roimhe sin i mí Iúil 2024. D'ainneoin an laghdaithe shealadaigh sin ar bhallraíocht, lean an Coiste ag comhlíonadh a chuid freagrachtaí. Cuireadh ar ais comhdhéanamh iomlán cúigear comhaltaí an Choiste nuair a ceapadh an tUasal Stylianidi i mí na Bealtaine 2025 agus an tUasal Chendi i mí Dheireadh Fómhair 2025.

Mar fhocal scoir, thar ceann chomhaltaí an Choiste, ba mhaith liom buíochas a ghlacadh le hArd-Stiúrthóir OLAF as a chur chuige oscailte agus cuiditheach i malartuithe an Choiste le OLAF. Is mian leis an gCoiste a bhuíochas a chur in iúl freisin don Ard-Stiúrthóir gníomhach as a comhoibriú tar éis don iar-Ard-Stiúrthóir imeacht. Ar deireadh, ba mhaith liom aitheantas a thabhairt don tacaíocht fhiúntach a thug an Rúnaíocht, faoi cheannaireacht a Chinn ghníomhaigh, ar chuir a gairmiúlacht agus a tiomantas go mór le hobair an Choiste. Tá an Coiste buíoch freisin as comhar stuama a chuid comhpháirtithe institiúideacha ar fud ollstruchtúr frithchalaoise an Aontais, ós rud é go bhfuil cosaint éifeachtach leasanna airgeadais an Aontais ag brath sa deireadh thiar ar neart comhchoiteann an chórais uile.

Marita Salgrāve
Cathaoirleach Choiste Maoirseachta OLAF

Clár

Leathanach

Réamhrá 2

Clár 6

1. Maidir leis an gCoiste 5

2. Gníomhaíochtaí faireacháin 6

2.1 Tuairim 1/2025 faoi imscrúduithe inmheánacha OLAF ar chiapadh laistigh d'institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí (ICOGanna) an Aontais 6

2.2 Tuairim 2/2025 faoi réamhdhréacht-bhuiséad OLAF le haghaidh 2026 7

2.3 Dréacht-Thuairim atá ag gabháil le Tuarascáil Mheastóireachta an Choimisiúin maidir le Rialachán OLAF 8

2.4 Faireachán ar dhualgas OLAF maidir le hiompar coiriúil a thuairisciú do OIPE 9

2.5 Faireachán a dhéanamh ar fhad imscrúduithe OLAF 10

2.5.1 Tuarascálacha a fuair an Coiste in 2025 ar imscrúduithe a mhair ar feadh tréimhse níos faide ná 12 mhí 11

2.5.2 Imscrúduithe OLAF a bhí oscailte ar feadh tréimhse níos faide ná 36 mhí in 2025 13

2.6 Faireachán ar chur chun feidhme OLAF ar mholtaí an Choiste Maoirseachta 17

2.7 Faireachán ar ghearáin aonair a cuireadh faoi bhráid OLAF 19

3. Comhar 19

3.1 Comhar le OLAF 19

3.2 Caidreamh le páirtithe leasmhara 20

4. Riarachán agus acmhainní 21

4.1 Modhanna oibre an Choiste Maoirseachta 21

4.2 An Rúnaíocht 21

4.3 Ábhair bhuiséid 22

1. **Maidir leis an gCoiste**

1. Is éard atá i gCoiste Maoirseachta na hOifige Eorpaí Frith-Chalaoise (OLAF) ('an Coiste') comhlacht neamhspleách a bunaíodh le Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013 ([1]) ('Rialachán OLAF') chun neamhspleáchas OLAF a threisiú agus a ráthú trí fhaireachán tráthrialta a dhéanamh ar an dóigh a mbíonn feidhm imscrúdaitheach OLAF á cur chun feidhme.

2. Is éard atá sa Choiste cúigear saineolaithe seachtracha neamhspleácha ('na comhaltaí') arna gceapadh ag Parlaimint na hEorpa, ag an gComhairle agus ag an gCoimisiún Eorpach trí chomhaontú ar feadh 5 bliana ([2]). Comhlíonann na comhaltaí a ról le neamhspleáchas iomlán agus ní fhéadfaidh siad treoracha a iarraidh ná glacadh le treoracha ó aon rialtas ná ó institiúid, comhlacht, oifig ná gníomhaireacht de chuid an Aontais. Fónann comhaltaí an Choiste i gcáil neamhbhuan, agus faigheann siad tacaíocht ina gcuid oibre ó Rúnaíocht arna soláthar ag an gCoimisiún. Oibríonn an Rúnaíocht ar bhonn buan faoi údarás díreach an Choiste, go neamhspleách ar an gCoimisiún, OLAF nó ar aon chomhlacht eile. Tá príomhról ag an Rúnaíocht i gcúraimí faireacháin an Choiste a éascú agus rannchuidiú leis na cúraimí sin a chomhlíonadh.

3. I bhfianaise chineál na n-imscrúduithe OLAF, ní féidir dul ar iontaoibh Chúirteanna an Aontais Eorpaigh in aghaidh cinneadh ó Ard-Stiúrthóir OLAF imscrúdú a sheoladh nó a dhúnadh ([3]). Ciallaíonn sé sin, in éineacht le Rialaitheoir na gcoimircí nós imeachta (a láimhseálann gearáin in aghaidh OLAF maidir le neamhchomhlíonadh ráthaíochtaí nós imeachta agus na rialacha is infheidhme maidir le himscrúduithe) ([4]), go bhfuil ról ríthábhachtach ag an gCoiste mar chomhlacht neamhspleách a gcuirtear de chúram air maoirseacht agus grinnscrúdú a dhéanamh ar an gcaoi a ndéanann OLAF a imscrúduithe. Fágann sé sin go bhfuil staid phribhléide ag an gCoiste, toisc go dtugann sé léargas d'institiúidí an Aontais Eorpaigh ar fheidhmiú OLAF mar aon le dearbhú go bhfuil OLAF ag gníomhú go dleathach agus i gcomhréir leis na ráthaíochtaí nós imeachta is infheidhme.

4. Faoi Rialachán OLAF, cuirtear ról tripháirteach de chúram ar an gCoiste, is é sin: (i) faireachán tráthrialta a dhéanamh ar fheidhm imscrúdaitheach OLAF; (ii) cúnamh a thabhairt d'Ard-Stiúrthóir OLAF a fhreagrachtaí a chomhlíonadh; agus (iii) tuairisc a thabhairt d'institiúidí an Aontais Eorpaigh.

5. Féachann an Coiste leis an méid seo a áirithiú go háirithe, trí fhaireachán tráthrialta a dhéanamh ar imscrúduithe OLAF:

   (i) ní dhéantar aon chur isteach seachtrach ar fheidhm imscrúdaitheach OLAF;

   (ii) glactar na cinntí ábhartha uile ón Ard-Stiúrthóir i gcomhréir le prionsabail na dlíthiúlachta agus na neamhchlaontachta agus comhlíonann siad Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais ([5]) agus na ráthaíochtaí nós imeachta mar a chumhdaítear i Rialachán OLAF.

6. Is éard atá i gceist le hobair an Choiste **tuairimí** a chur faoi bhráid Ard-Stiúrthóir OLAF agus, i gcás inarb iomchuí, **moltaí** maidir le hobair imscrúdaitheach OLAF, maidir le fad a imscrúduithe agus maidir leis na hacmhainní a theastaíonn ó OLAF chun na himscrúduithe sin a dhéanamh. Chomh maith leis sin, ceapann an Coiste **barúlacha** ([6]) maidir le Dréacht-treoirlínte OLAF maidir le Nósanna Imeachta Imscrúdaithe (TNII) ([7]). Agus tuairimí agus moltaí á n-eisiúint ag an gCoiste, ní chuireann sé isteach in am ar bith ar sheoladh imscrúduithe OLAF atá fós ar siúl.

([1]) Airteagal 15(2) de Rialachán (AE) Uimh. 883/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Meán Fómhair 2013 maidir le himscrúduithe arna ndéanamh ag an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1073/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (Euratom) Uimh. 1074/1999 ón gComhairle (IO L 248, 18.9.2013, lch. 1) arna leasú le Rialachán (AE, EURATOM) 2016/2030 agus le Rialachán (AE, EURATOM) 2020/2223. An leagan comhdhlúite le fáil ar https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/HTML/?uri=CELEX:02013R0883-20210117.

([2]) Chun an taithí arna gnóthú sa Choiste a chaomhnú, ionadófar na comhaltaí ar bhonn gach re seach, i gcomhréir le Rialachán OLAF.

([3]) Ordú ón gCúirt Ghinearálta an 12 Samhain 2018, *Stichting Against Child Trafficking v an Coimisiún*, T-658/17, ECLI:EU:T:2018:799.

([4]) Féach Airteagal 9a(8) de Rialachán OLAF.

([5]) Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, IO C 326, 26.10.2012, lgh. 391–407, le fáil ar: https://www.europarl.europa.eu/charter/pdf/text_ga.pdf.

([6]) Féach Airteagal 9a(8) de Rialachán OLAF.

([7]) Treoirlínte maidir le Nósanna Imeachta Imscrúdaithe d'Fhoireann OLAF, i bhfeidhm ón 1 Eanáir 2026, le fáil ar: https://anti-fraud.ec.europa.eu/document/download/e1994c22-7d58-4e61-8d34-0937a0be8f98_en?filename=gips-2026_ga.pdf.

2. **Gníomhaíochtaí faireacháin**

7. Le linn na bliana tuairiscithe, chuir an Coiste dhá thuairim faoi bhráid Ard-Stiúrthóir OLAF, faoi Airteagal 15 de Rialachán OLAF, is é sin, Tuairim 1/2025 ([8]), a foilsíodh an 6 Feabhra 2025, agus Tuairim 2/2025 ([9]), a foilsíodh an 2 Meitheamh 2025 ([10]). Leagadh amach roinnt moltaí sna tuairimí sin. Lean an Coiste d'fhaireachán a dhéanamh ar fhad imscrúduithe OLAF agus ar chur i bhfeidhm ráthaíochtaí nós imeachta. Sa tréimhse tuairiscithe, thug an Coimisiún faoi mheasúnú cuimsitheach freisin ar leibhéal chur chun feidhme OLAF ar na moltaí a d'eisigh sí cheana féin.

8. Chomh maith leis na cleachtaí faireacháin agus na tuairimí thuasluaite a foilsíodh in 2025, le linn na bliana tuairiscithe, cheadaigh an Coiste dréacht-tuairim, a foilsíodh an 21 Eanáir 2026 (Tuairim 1/2026) ([11]) D'oibrigh an Coiste freisin ar thuairim eile a sceidealadh lena glacadh agus lena foilsiú sa chéad leath de 2026.

2.1. ***Tuairim 1/2025 faoi imscrúduithe inmheánacha OLAF ar chiapadh laistigh d'institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí (ICOGanna) an Aontais***

9. In 2022, chuir Ard-Stiúrthóir OLAF an Coiste Maoirseachta ar an eolas faoi dheacrachtaí áirithe a bhí ag OLAF i roinnt cásanna a bhain le himscrúduithe inmheánacha ar chiapadh, rud a d'fhéadfadh a neamhspleáchas a chur i mbaol.

10. Tar éis an fhaisnéis a fuarthas a fháil, chinn an Coimisiún tuairim a eisiúint ina soiléiríodh ról agus cumhachtaí OLAF maidir le himscrúdú a dhéanamh ar iompar míchuí agus ar chiapadh laistigh de ICOGanna. Sa chomhthéacs sin, scrúdaigh an Coimisiún an breisluach a thug imscrúduithe den sórt sin do chomhrac oifigigh an Aontais agus comhaltaí ICOG in aghaidh ciaptha agus mí-iompair den chineál céanna. Bhain an anailís le sampla 29 gcás OLAF (9 n-imscrúdú dúnta agus 20 cás dífe) a rinneadh in 2018-2023.

11. I mí na Nollag 2024, d'fhormheas an Coiste a dhréacht-Tuairim, a glacadh agus a foilsíodh go foirmiúil i mí Eanáir 2025. I dtuarascáil bhliantúil 2024 sholáthair an Coimisiún anailís ghrinn ar phríomhábhar na Tuairime. Déantar achoimre bhreise ar na príomhthorthaí thíos.

12. Thug an Coiste faoi deara, tar éis bhreithiúnas *Dalli* ([12]), gur suíodh go bhfuil OLAF inniúil anois chun imscrúduithe inmheánacha a dhéanamh ar ábhair thromchúiseacha a bhaineann le comhlíonadh dualgas gairmiúil ag baill foirne agus ag comhaltaí ICOGanna, gan beann ar an tionchar airgeadais, bunaithe ar Airteagal 1(4) de Rialachán OLAF.

13. Tugadh le fios leis an athbhreithniú ar chásanna nach lorgaíonn OLAF fíorais de ghnáth a bhaineann le hoifigigh nó leis an meánbhainistíocht más féidir le ICOG féin fiosrúchán éifeachtach a dhéanamh, agus ina ionad sin an t-ábhar a chur ar aghaidh chucu faoi Airteagal 5(6). Mar sin féin, déanann OLAF imscrúdú ar líomhaintí in aghaidh baill foirne shinsearacha nó comhaltaí ICOG chun neamhspleáchas a áirithiú. Fuair an Coiste go raibh an láimhseáil a rinne OLAF ar ghearáin maidir le ciapadh ag teacht lena shainordú, rud a thug neamhchlaontacht bhreise i gcásanna a bhain le hoifigigh shinsearacha. D'fhéadfadh oibiachtúlacht nó acmhainní a bheith in easnamh in imscrúduithe inmheánacha ICOG agus d'fhéadfadh rioscaí clú a bheith ag baint leo.

([8]) Tuairim an Choiste Maoirseachta 1/2025, *imscrúduithe inmheánacha OLAF ar chiapadh laistigh d'institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí (ICOGanna) an Aontais*.

([9]) Tuairim 2/2025 ón gCoiste Maoirseachta, *réamhdhréacht-bhuiséad OLAF le haghaidh 2026*.

([10]) Tá na Tuairimí agus na Tuarascálacha Bliantúla uile a glacadh agus dá dtagraítear sa doiciméad seo le fáil ar leathanach gréasáin an Choiste Maoirseachta: Tuairimí agus tuarascálacha - Coiste Maoirseachta OLAF - an tAontas Eorpach.

([11]) Tuairim 1/2026 ón gCoiste Maoirseachta atá ag gabháil le *Tuarascáil Mheastóireachta an Choimisiúin maidir le cur i bhfeidhm agus tionchar Rialachán OLAF*.

([12]) Breithiúnas an 6 Meitheamh 2019, *Dalli* v *an Coimisiún*, T-399/17, ECLI:EU:T:2019:384, ar sheas breithiúnas an 25 Feabhra 2021, *Dalli* v *an Coimisiún*, C-615/19P, ECLI:EU:C:2021:133 leis. Sa bhreithiúnas cinniúnach sin, rinne an Chúirt scrúdú sainráite ar an gceist maidir le cumhacht OLAF imscrúduithe inmheánacha a dhéanamh nach ndéanann difear do leasanna airgeadais an Aontais. I mír 62 den bhreithiúnas tagann an Chúirt ar an gconclúid nach ndéanann an t-easpa tionchair ar leasanna airgeadais an Aontais difear don fhéidearthacht atá ag OLAF imscrúdú a oscailt.

14. Cé gur chomhoibrigh formhór ICOGanna le OLAF, cuireadh in aghaidh dhá chás agus chuir sé sin moill ar imscrúduithe. Chuir an Coiste i dtábhacht, a luaithe agus a osclaíonn OLAF imscrúdú, nach mór do ICOGanna dul i gcomhar go hiomlán agus fiosrúcháin chomhthreomhara a sheachaint, toisc mura ndéantar amhlaidh go sáraítear an creat dlíthiúil is infheidhme agus go mbaintear an bonn de neamhspleáchas OLAF.

2.2. ***Tuairim 2/2025 faoi réamhdhréacht-bhuiséad OLAF le haghaidh 2026***

15. Gach bliain, glacann an Coiste tuairim faoi réamhdhréacht-bhuiséad OLAF chun dearbhú a thabhairt d'institiúidí an Aontais Eorpaigh go gcaomhnaítear neamhspleáchas fheidhm imscrúdaitheach OLAF sa dréachtbhuiséad. Le bheith níos sonraí, sa tuairim ón gCoiste scrúdaítear an bhfuil acmhainní leordhóthanacha airgeadais agus daonna ag OLAF chun dlús a chur leis an gcomhrac in aghaidh na calaoise, an éillithe agus aon ghníomhaíocht neamhdhleathach eile, sin agus chun na cúraimí a shanntar dó a dhéanamh go héifeachtach.

16. An 2 Meitheamh 2025, d'eisigh an Coiste Tuairim 2/2025 maidir le réamhdhréacht-bhuiséad OLAF le haghaidh 2026. Sa Tuairim sin, tugadh le fios gur tháinig méadú 3,8 % ar réamhbhuiséad OLAF i gcomparáid le buiséad 2025. Bhí údar cuí leis na méaduithe atá beartaithe ar línte buiséid áirithe agus bhí siad comhlíontach le treoirlínte an Choimisiúin maidir le dréachtbhuiséad OLAF le haghaidh 2026 a tharraingt suas.

17. Ba é caiteachas foirne an phríomhthoisc chostais a raibh níos mó ná 72 % den bhuiséad iomlán i gceist léi. Thug an Coiste dá aire go raibh laghdú 6 phost tagtha ar phlean bunaíochta OLAF le haghaidh 2026 i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin, rud a d'fhág go raibh 310 bpost ann. Bhí an laghdú sin mar thoradh ar an tsamhail líneach ranníocaíochta a forchuireadh ar ranna uile an Choimisiúin, chun go bhféadfaí poist bhunaíochta a athlonnú chuig réimsí tosaíochta sa todhchaí. I bhfianaise an laghdaithe is déanaí sin ar phlean bunaíochta an Choiste, agus toisc gurbh éigean do OLAF 47 bpost ar an iomlán a scaoileadh ó 2018, chuir an Coiste i dtábhacht gur cheart d'aon laghdú eile ar acmhainní daonna OLAF a bheith faoi réir meastóireacht chúramach.

18. Le linn don Choiste aghaidh a thabhairt ar líne bhuiséid OLAF le haghaidh 'costais mhisin agus ionadaíochta', thug sé dá aire go bhfanfadh sé sin ar an leibhéal céanna le 2025, rud a chaomhnódh a bheag nó a mhór cumas ríthábhachtach OLAF iniúchtaí ar an láthair a dhéanamh laistigh den Aontas agus lasmuigh de mar chuid dá imscrúduithe.

19. Bhí méadú EUR 100 000 curtha ar bhuiséad OLAF le haghaidh 'teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide', rud as ar lean méadú 1,76 % i gcomparáid le leibhéal 2025. Thug an Coiste dá aire go gcumhdófaí go príomha leis an méadú costais a bhain le próisis atheagrúcháin.

20. Chuir an Coiste in iúl gur gné thábhachtach de bhuiséad OLAF é a struchtúr idirnasctha, rud a chuir ar a chumas dó aistrithe buiséadacha 'inmheánacha' a dhéanamh idir a línte buiséadacha éagsúla gan cead a iarraidh ó údarás buiséadach an Aontais. Chuir an fhéidearthacht sin ar a chumas do OLAF freagairt d'imeachtaí agus dúshláin gan choinne san am a chuaigh thart, agus a bhuiséad a bhainistiú le leibhéal solúbthachta níos airde ná aon Ard-Stiúrthóireacht eile sa Choimisiún. Bhí an Coiste i gcónaí i bhfabhar neamhspleáchas OLAF ó thaobh bainistiú buiséid de mar ráthaíocht bhreise (bhuiséadach) ar a neamhspleáchas.

21. É sin ráite, chuir an Coiste i dtábhacht a thábhachtaí atá sé go mbainisteodh OLAF a bhuiséad i gcónaí ar bhealach a d'urramaigh, a mhéid is féidir, na prionsabail bhuiséadacha ghinearálta a leagtar amach in Airteagail 6 go 38 den Rialachán maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais ([13]), lena n-áirítear prionsabail na trédhearcachta agus na sonraíochta.

22. Tháinig an Coiste ar an gconclúid go raibh réamhdhréacht-bhuiséad OLAF le haghaidh 2026 ar aon dul le tograí buiséadacha an Choimisiúin maidir le dréacht-bhuiséad an Choimisiúin a leagan síos le haghaidh 2026. Mar sin féin, chuir sé i dtábhacht freisin a thábhachtaí atá sé a áirithiú go gcoinneodh OLAF leibhéil foirne leordhóthanacha chun a sainordú a chomhlíonadh agus go mbeadh acmhainní daonna ailínithe le riachtanais oibríochtúla OLAF. Ar deireadh, tharraing sé aird ar an bhfíoras go bhfágfadh forbairt agus cur in úsáid uirlisí intleachta saorga, a bhí riachtanach le haghaidh brath agus cosc na calaoise sa todhchaí, go dteastódh infheistíocht bhreise i mbonneagar agus i saineolas TF.

([13]) Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Meán Fómhair 2024 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais (IO L, 2024/2509, 26.9.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/2509/oj).

2.3. ***Dréacht-Thuairim atá ag gabháil le Tuarascáil Mheastóireachta an Choimisiúin maidir le Rialachán OLAF***

23. Le hAirteagal 19(1) de Rialachán OLAF cuirtear de chúram ar an gCoimisiún meastóireacht iomlán a dhéanamh maidir le 'cur i bhfeidhm agus tionchar' Rialachán OLAF, 'go háirithe a mhéid a bhaineann le héifeachtacht agus éifeachtúlacht an chomhair idir an Oifig [OLAF] agus OIPE'. Ceanglaítear le hAirteagal 19(1) freisin ar an gCoiste tuairim neamhspleách, ar leithligh a chur isteach a bheidh i gceangal le tuarascáil mheastóireachta an Choimisiúin.

24. I mí Aibreáin 2024, chuir Ard-Stiúrthóireacht OLAF in iúl don Choiste go raibh OLAF, ina cáil mar an roinn sa Choimisiún atá freagrach as beartas frithchalaoise a fhorbairt, tar éis tús a chur leis an bpróiseas maidir le meastóireacht a dhéanamh ar Rialachán OLAF. Sa chomhthéacs sin, iarradh ar an gCoiste a thuairim a thabhairt.

25. D'fhormheas an Coiste a dhréacht-Thuairim i mí na Nollag 2025 agus ghlac sé go foirmiúil í i mí Eanáir 2026 ([14]).

26. Ina Thuairim, rinne an Coiste measúnú cuimsitheach agus neamhspleách ar chur i bhfeidhm agus ar thionchar Rialachán OLAF, bunaithe ar a thaithí faireacháin sainiúil. Ar thaobh amháin, tharraing an Coiste ar thuairimí foirmiúla, ar thorthaí fianaisebhunaithe agus ar mholtaí a chuir sé le chéile roimhe sin. Ar an taobh eile, luaigh sé tuairimí agus moltaí nár cuireadh go foirmiúil faoi bhráid OLAF go fóill, bunaithe ar fhianaise dhíreach nó ar fhaisnéis thánaisteach a sholáthair OLAF.

27. Ar an gcéad dul síos, rinne an Coiste anailís agus measúnú ar na príomhleasuithe a rinneadh ar Rialachán OLAF trí (i) Rialachán 2016/2030, lenar cuireadh feabhas ar neamhspleáchas agus ar fheidhmiú an Choiste Maoirseachta trína Rúnaíocht a chur de chúram ar an gCoimisiún ([15]); agus (ii) Rialachán 2020/2223 ([16]), lenar ailíníodh oibríochtaí OLAF le OIPE agus lenar tugadh isteach feabhsuithe tábhachtacha nós imeachta agus oibríochtúla. D'fhéach an Coiste ansin ar Rialachán OLAF ina iomláine agus rinne breathnuithe ní hamháin maidir leis na forálacha a tugadh isteach trí leasuithe 2016 agus 2020, ach freisin ar ghnéithe den Rialachán nár tugadh aghaidh orthu leis na leasuithe sin. Ar deireadh, uair ar bith ar shainaithin an Coiste laigí agus easnaimh i Rialachán reatha leasaithe OLAF, chuir sé tograí chun tosaigh arbh é is aidhm dóibh na forálacha ábhartha a neartú agus a shoiléiriú.

28. Spreag an anailís an Coiste moltaí a dhéanamh maidir le roinnt forálacha, i bhfianaise a n-athbhreithnithe fhéideartha tar éis an chleachtaidh meastóireachta. Eagraíodh na moltaí sin ina gceithre réimse théamacha. Ar an gcéad dul síos, breithníodh teorainneacha imscrúduithe OLAF, inar cumhdaíodh saincheisteanna a tháinig chun cinn de ghnáth i gcéim thosaigh na n-imscrúduithe ([17]). Ar an dara dul síos, láimhseáladh roinnt gnéithe tábhachtacha ar saintréithe iad de sheoladh imscrúduithe OLAF, idir ráthaíochtaí nós imeachta go comhar idir OLAF-OIPE ([18]). Ar an tríú dul síos, cuireadh breathnuithe agus moltaí i láthair maidir le luach thuarascáil OLAF agus maidir leis an obair leantach a rinneadh ina leith ([19]). Mar cheathrú céim, rinneadh barúlacha agus moltaí maidir le feidhmiú an Choiste Maoirseachta ([20]).

29. Maidir leis an tsaincheist a bhain le **teorainneacha imscrúduithe OLAF,** d'athdhearbhaigh an Coiste an tráthúlacht a bhaineann le raon feidhme shainordú OLAF a shoiléiriú, rud a léiríonn rialú cinniúnach *Dalli*. De réir an Choiste, faoin gcreat dlíthiúil atá ann faoi láthair, mar a léiríodh leis an gcásdlí ábhartha, tá sé de chumhacht ag OLAF imscrúdú a dhéanamh ní hamháin ar ábhair a bhaineann le leasanna airgeadais an Aontais a chosaint ach freisin ar ábhair a ghabhann níos faide ná leasanna airgeadais ([21]). Thairis sin, cuireadh i dtábhacht go speisialta sa Tuairim an

([14]) Tuairim 1/2026 ón gCoiste Maoirseachta *atá ag gabháil le Tuarascáil Mheastóireachta an Choimisiúin maidir le cur i bhfeidhm agus tionchar Rialachán OLAF*.

([15]) Rialachán (AE, Euratom) 2016/2030 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Deireadh Fómhair 2016 lena leasaítear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013, a mhéid a bhaineann le rúnaíocht Choiste Maoirseachta na hOifige Eorpaí Frith-Chalaoise (OLAF) (IO L 317, 23.11.2016, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2016/2030/oj).

([16]) Rialachán (AE, Euratom) 2020/2223 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Nollaig 2020 lena leasaítear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013, a mhéid a bhaineann le comhoibriú le hOifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh agus éifeachtacht imscrúduithe na hOifige Eorpaí Frith-Chalaoise (IO L 437, 28.12.2020, lgh. 49, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2020/2223/oj).

([17]) Tuairim 1/2026 ón gCoiste Maoirseachta, Caibidil 3.1.

([18]) Tuairim 1/2026 ón gCoiste Maoirseachta, Caibidil 3.2.

([19]) Tuairim 1/2026 ón gCoiste Maoirseachta, Caibidil 3.3.

([20]) Tuairim 1/2026 ón gCoiste Maoirseachta, Caibidil 3.4.

([21]) Léirigh an Coiste an tuairim sin cheana féin ina Thuairim 4/2024 agus ina Thuairim 1/2025.

fhéidearthacht maidir le sainordú OLAF a leathnú a thuilleadh chuig réimsí breise, rud a léiríonn go bhfuil méadú ag teacht ar an aitheantas dá saineolas speisialaithe agus dá breisluach maidir le dul i ngleic le cásanna sofaisticiúla ildlínse. Chun freastal air sin, thug an Coiste dá aire go bhféadfaí machnamh a dhéanamh ar chóras struchtúrtha a thabhairt isteach sa Rialachán arís chun tosaíocht a thabhairt d'imscrúduithe OLAF. Chuir an Coiste i dtábhacht freisin an tábhacht atá le neamhspleách oibríochtúil OLAF a chaomhnú, go háirithe i dtaca le nós imeachta tarmligin atá sainithe go soiléir maidir le cumhachtaí Ard-Stiúrthóir OLAF. Chuir an Coiste i dtábhacht freisin a thábhachtaí atá an Rialachán chun sainmhínithe soiléire ar choincheapa amhail 'amhras leordhóthanach' a sholáthar agus chun sainmhíniú ar 'raon feidhme an imscrúdaithe' a thabhairt isteach in Airteagal 5 de Rialachán OLAF leasaithe (*'Imscrúduithe a oscailt'*).

30. Maidir leis an gceist ilghnéitheach maidir le **seoladh imscrúduithe OLAF,** bhí roinnt rudaí le rá ag an gCoiste. I measc rudaí eile, thug an Coiste le fios go ndearnadh tagairt shainráite i Rialachán OLAF gur cheart imscrúduithe a thabhairt i gcrích 'laistigh de thréimhse réasúnta' agus i gcásanna atá níos faide ná 24 mhí gur cheart d'Ard-Stiúrthóireacht OLAF cinneadh foirmiúil a ghlacadh maidir leis an mbealach chun cinn. Mhol an Coiste freisin go bhféadfaí machnamh a dhéanamh arís ar an bhforáil go gcuirfear tuairim na Foirne Athbhreithnithe maidir le deireadh a chur leis an imscrúdú 'i gceangal le tuarascáil chríochnaitheach an imscrúdaithe', chun a áirithiú go mbeidh sé mar dhoiciméad inmheánach go fóill, agus nár cuireadh na conclúidí ann in iúl ach amháin d'fhaighteoirí seachtracha, i gcás inarb iomchuí. Maidir le comhar OLAF-OIPE, mheas an Coiste go soláthrófaí tuilleadh soiléireachta le níos mó treoraíochta maidir leis an gcoincheap a bhain le 'líomhaintí nach bhfuil aon bhunús mór leo' in Airteagal 12c(3), ar mhaithe le comhar níos comhsheasmhaí idir an dá chomhlacht. Maidir le ráthaíochtaí nós imeachta, rinne an Coiste moltaí arb é is aidhm dóibh deireadh a chur le cóir dhifreálach gan ghá idir daoine lena mbaineann in imscrúduithe inmheánacha agus seachtracha agus *effet utile* na ráthaíochtaí nós imeachta atá daingnithe cheana féin i Rialachán OLAF a áirithiú.

31. Chuaigh an Coiste i ngleic freisin leis an bpríomhcheist a raibh cur is cúiteamh fúithi le fada a bhain le **luach mholtaí OLAF agus leis an obair leantach orthu.** Chuige sin, d'aithin an Coiste, cé go mbeadh machnamh casta i gceist le hathrú a chur ar luach dlíthiúil ginearálta aschur OLAF, go bhféadfaí rannpháirtíocht níos láidre ó OLAF maidir le haisghabháil cistí a shamhlú le haird shonrach ar mholtaí airgeadais. Mhol an Coiste freisin go neartófaí na sásraí a chumhdaítear faoi láthair in Airteagal 11 de Rialachán OLAF, chun an bunús dlí a ailíniú le cleachtais faireacháin agus tuairiscithe atá ann cheana. D'fhonn tuilleadh feabhais a chur ar an ráta leantach, mhol an Coiste go leathnófaí freisin ról na seirbhísí comhordúcháin frithchalaoise ('AFCOS') chun an obair leantach ar mholtaí OLAF a chuimsiú.

32. Ar deireadh, áiríodh leis an Tuairim roinnt moltaí maidir le **feidhmiú an Choiste Maoirseachta féin.** Chuige sin, mhol an Coiste roinnt soiléirithe in Airteagal 15 de Rialachán OLAF chun a neamhspleáchas agus a fheidhmiú neamhchlaonta a chosaint, trína mholadh go mbeadh foráil sa Rialachán féin le haghaidh rochtain leictreonach dhíreach ar na codanna ábhartha de chóras bainistithe cásanna OLAF. Mhol an Coiste freisin roinnt mionathruithe reachtúla chun an chomhlántacht is gá a áirithiú idir Rialaitheoir ráthaíochtaí nós imeachta agus an Coiste Maoirseachta ó thaobh measúnú a dhéanamh ar mar a chomhlíonann OLAF na ráthaíochtaí nós imeachta.

2.4. *Faireachán ar dhualgas OLAF maidir le hiompar coiriúil a thuairisciú do OIPE*

33. Faoin gcreat dlíthiúil atá ann cheana, tá róil chomhlántacha ag OLAF agus OIPE ó thaobh leasanna airgeadais an Aontais a chosaint. Go háirithe, foráiltear le Rialachán leasaithe OLAF gur cheart do OIPE agus OLAP araon dlúthchomhar a bhunú agus a choinneáil ar bun arb é is aidhm dó comhlántacht a gcuid sainorduithe faoi seach a áirithiú agus, i gcás inarb ábhartha, comhordú a gcuid gníomhaíochtaí. De réir Rialachán leasaithe OLAF, 'ba cheart don chaidreamh idir OLAF agus OIPE a bheith ar bhealach a rannchuidíonn lena áirithiú go n-úsáidtear gach modh chun leasanna airgeadais an Aontais a chosaint' ([22]).

34. Léirigh an Coiste spéis mhór go leanúnach i dtuiscint a fháil ar an gcaoi ar imir an creat dlíthiúil nua a tugadh isteach le Rialachán OIPE agus Rialachán leasaithe OLAF tionchar ar ghníomhaíochtaí imscrúdaitheacha OLAF agus, ar bhonn níos ginearálta, an chaoi ar baineadh amach comhar OLAF le OIPE sa chleachtas. Measann an Coiste gur comhpháirt thábhachtach de neamhspleáchas oibríochtúil agus dea-fheidhmiú OLAF é cur chun feidhme ceart na sásraí comhair idir an dá chomhlacht. Sa chomhthéacs sin, feiceann an Coiste an faireachán ar a gcuid comhair mar chuid ríthábhachtach dá shainordú agus dá chlár oibre.

([22]) Aithris 4 de Rialachán 2020/2223.

35. Agus machnamh á dhéanamh ag an gCoiste ar an tosaíocht sin, i mí Feabhra 2024, d'eisigh sé a chéad thuairim thiomnaithe maidir le himscrúduithe comhlántacha arna ndéanamh ag OLAF ([23]). Sna conclúidí ón gCoiste, mhol sé OIPE agus OLAF araon as a rannpháirtíocht chuiditheach maidir leis an sásra sin a chur i bhfeidhm. I bhfianaise chineál athraitheach na n-imscrúduithe comhlántacha, lean an Coiste den fhaireachán ar na himscrúduithe comhlántacha a rinne OLAF ar feadh 2024 agus ar an gcaoi ar cuireadh a cuid moltaí chun feidhme ([24]).

36. In 2025, dhírigh an Coiste a aird ar ghné fhíorthábhachtach eile den chreat comhair, is é sin an dualgas atá ar OLAF tuairisc a thabhairt do OIPE maidir le hiompar coiriúil amhrasach. Bíonn tionchar díreach ag an oibleagáid sin ar fheidhmeanna imscrúdaitheacha OLAF, murab ionann agus dualgas OLAF scor d'imscrúduithe nó iad a chomhlánú i gcásanna a thagann faoi inniúlacht OIPE. Trí fhaireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme an dualgais tuairiscithe sin, is é is aidhm don Choiste neamhspleáchas imscrúdaitheach OLAF a threisiú. Dhírigh an anailís ar na nithe a leanas a fhíorú: (i) an bealach a ndéanann OLAF an fhaisnéis ábhartha uile a bhailiú, a láimhseáil agus a anailísiú sula gcinneann sí cás a thuairisciú do OIPE; (ii) nach ndéanann aon chur isteach ón taobh amuigh difear do sheoladh feidhmeanna imscrúdaitheacha OLAF; (iii) go dtógtar cinntí OLAF go neamhchlaonta agus gan moill mhíchuí; agus (iv) go bhfuil gníomhaíochtaí OLAF i gcomhréir go hiomlán leis an gcreat dlíthiúil is infheidhme.

37. Sa chomhthéacs sin agus i gcomhréir le hAirteagal 15(1), an chéad ásc, de Rialachán OLAF agus Airteagail 12 agus 13 de na socruithe oibre idir OLAF agus an Coiste Maoirseachta ([25]), bhí rochtain ag an gCoiste ar cháschomhaid ábhartha (i) sampla 25 chás a rinneadh a dhíbhe i ngeall ar inniúlacht OIPE; (ii) 9 gcás dúnta a tarchuireadh ar dtús báire chuig OIPE ach nár ghlac OIPE ar láimh; agus (iii) 14 chás ar scoireadh díobh i ngeall ar inniúlacht OIPE. Roghnaigh an Coiste na nithe seo a leanas freisin agus rinne anailís orthu: (iv) sampla de 20 imscrúdú a dúnadh nár tuairiscíodh do OIPE ar bhonn na gcritéar seo a leanas: a) cásanna inar iarr OIPE faisnéis a bhain leis an gcás ina dhiaidh sin tar éis imscrúdú OLAF a dhúnadh; b) cásanna a bhain le nithe a bhain leis an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta ('STA'); agus c) cásanna lenar áirithíodh ionadaíocht leordhóthanach ar gach aonad imscrúdaitheach, ionas go mbeadh dhá chás ar a laghad de gach aonad imscrúdaitheach de chuid OLAF faoi raon feidhme an mheasúnaithe.

38. Táthar ag leanúint d'anailís an Choiste faoi láthair. Beidh torthaí na hoibre sin, in éineacht le haon mholadh a leanfaidh astu sin, leagtha amach i dtuairim thiomnaithe, atá beartaithe ag an gCoiste a ghlacadh sa chéad leath de 2026.

2.5. *Faireachán a dhéanamh ar fhad imscrúduithe OLAF*

39. Le hAirteagal 7(8) agus Airteagal 15(1) de Rialachán OLAF, leagtar síos an bunús dlí don Choiste anailís a dhéanamh ar aon fhiosrúchán a mhaireann níos faide ná 12 mhí, chun a áirithiú go ndéanfar imscrúduithe OLAF ar bhonn leanúnach agus thar thréimhse atá i gcomhréir lena n-imthosca agus lena gcastacht.

40. Trí fhaireachán tráthrialta a dhéanamh ar fhad imscrúduithe OLAF agus ar na cúiseanna le haon mhoill mhíchuí, féachann an Coiste lena fhíorú nach raibh aon chur isteach seachtrach ná inmheánach ann ar sheoladh neamhchlaonta imscrúdaithe. Imscrúdú atá fada gan údar maith a bheith leis sin, d'fhéadfadh iarmhairtí diúltacha tromchúiseacha a bheith aige maidir leis na nithe seo a leanas: (i) cearta nós imeachta an duine nó na ndaoine lena mbaineann; agus/nó (ii) an obair leantach a dhéanfar i leith an imscrúdaithe. Trí fhaireachán a dhéanamh ar fhad na n-imscrúduithe, seiceálann an Coiste freisin gur baineadh úsáid éifeachtúil as na hacmhainní daonna agus airgeadais a leithdháileadh ar OLAF.

([23]) Tuairim 1/2024, *Imscrúduithe Comhlántacha OLAF agus OIPE*.

([24]) Féach Tuarascáil Bhliantúil ar Ghníomhaíochtaí an Choiste Maoirseachta 2024, Roinn 2.1.

([25]) De bhun na socruithe oibre idir OLAF agus an Coiste Maoirseachta, a síníodh an 21 Deireadh Fómhair 2021, tugann an Coiste cearta rochtana dírí ar chodanna dá chóras bainistithe cásanna ('OCM') chun cur ar a chumas don Choiste Maoirseachta a ghníomhaíocht faireacháin a chur i gcrích faoi Rialachán 883/2013. In Airteagal 12 agus 13 de na socruithe oibre leagtar amach prionsabail na rochtana sin.

41. Measann an Coiste gur táscaire tábhachtach é fad na n-imscrúduithe ar éifeachtacht ghníomhaíocht OLAF agus tá aird ar leith tugtha aige ar an ábhar sin i gcaitheamh na mblianta. Ina Thuairim roimhe seo ([26]) sainaithin an Coiste easnaimh áirithe a spreag roinnt moltaí a díríodh chuig Ard-Stiúrthóir OLAF.

42. I dTuairim 3/2024 ón gCoiste maidir leis na dréacht-Treoirlínte nua maidir le Nósanna Imeachta Imscrúdaitheacha ([27]), chuir an Coiste fáilte roimh an dul chun cinn a rinne OLAF maidir le fad a imscrúduithe a bhainistiú. Chuir an Coiste i dtábhacht freisin a thábhachtaí atá sé go gcuirfidh na Treoirlínte maidir le nósanna imeachta imscrúdaitheacha treoraíocht shoiléir ar fáil d'imscrúdaitheoirí faoi thréimhsí neamhghníomhaíochta nach bhfuil údar leo a sheachaint le linn an phróisis imscrúdaithe agus maidir le saincheist na n-imscrúduithe atá fadálach go míréireach a shárú. Tugann an Coiste faoi deara gur thug OLAF aird ar bharúlacha den sórt sin agus chuir sé moltaí an Choiste chun feidhme i bpáirt sa leagan deiridh de na Treoirlínte maidir le nósanna imeachta imscrúdaitheacha, a tháinig i bhfeidhm an 1 Eanáir 2026 ([28]).

43. Go háirithe, leis an Treoirlínte maidir le Nósanna Imeachta Imscrúdaitheacha cuireadh chun feidhme nó cuireadh chun feidhme a mhéid arbh fhéidir é cuid mhaith de mholtaí an Choiste maidir le fad imscrúduithe OLAF ([29]), an próiseas cinnteoireachta in imscrúduithe ([30]), an sainmhíniú agus na hathruithe ar raon feidhme na n-imscrúduithe ([31]), an chéim roghnúcháin ([32]), cearta na ndaoine lena mbaineann ([33]), téarmaíocht den taifeadadh a rinneadh ar chomhráití teileafóin ([34]), aicmiú imscrúduithe ([35]), agus na nósanna imeachta comhairleacha agus rialaithe inmheánacha ([36]). Cuireann an Coiste fáilte freisin roimh an bhforáil nua sna Treoirlínte maidir le nósanna imeachta imscrúdaitheacha maidir le pleananna oibre, nach mór a tharraingt suas ag tús imscrúdaithe agus a thabhairt cothrom le dáta cibé uair is gá, agus áirítear leis tagairtí do réitigh agus do bhearta chun fadhbanna a shárú ([37]).

44. Le linn na tréimhse tuairiscithe, mar a tharlaíonn gach bliain, fuair an Coiste faisnéis ó OLAF faoi imscrúduithe a mhair ar feadh tréimhse níos faide ná 12 mhí. Chun tuiscint níos fearr a fháil ar an gcaoi ar bhainistigh OLAF fad a imscrúduithe agus ar an gcaoi ar chomhlíon sé prionsabal ginearálta na comhréireachta, agus i bhfianaise moltaí a ceapadh roimhe seo, rinne an Coiste measúnú inar díríodh ar imscrúduithe a mhair ar feadh tréimhse níos faide ná 36 mhí (féach Roinn 2.5.2).

2.5.1. *Tuarascálacha a fuair an Coiste in 2025 ar imscrúduithe a mhair ar feadh tréimhse níos faide ná 12 mhí*


45. Mura bhféadfar imscrúdú a dhúnadh laistigh de 12 mhí óna oscailt, le hAirteagal 7(8) de Rialachán OLAF ([38]), ceanglaítear ar Ard-Stiúrthóir OLAF tuarascáil a thabhairt go foirmiúil don Choiste 12 mhí tar éis oscailt an imscrúdaithe agus gach 6 mhí ina dhiaidh sin. Sna tuarascálacha sin, leagann Ard-Stiúrthóir OLAF amach na cúiseanna a bhfuil an t-imscrúdú fós ar oscailt agus, i gcás inarb iomchuí ([39]), na bearta feabhais atá le déanamh chun dlús a chur leis an imscrúdú, chomh maith leis an tréimhse ama a mheastar a bheith i gceist lena thabhairt chun críche.

([26]) Tuairim 5/2021 ón gCoiste Maoirseachta, *Anailís ar imscrúduithe OLAF a mhair níos faide ná 36 mhí in 2019*.
([27]) Tuairim 3/2024 ón gCoiste Maoirseachta, *Treoirlínte OLAF maidir le nósanna imeachta imscrúdaithe*.
([28]) Chun tuilleadh sonraí a fháil féach thíos Roinn 2.6 '*Faireachán ar chur chun feidhme OLAF ar mholtaí an Choiste Maoirseachta*'.
([29]) Tuairim 3/2024 ón gCoiste Maoirseachta, moltaí I.1(vii) agus (viii).
([30]) Tuairim 3/2024 ón gCoiste Maoirseachta, moltaí I.2(i), (ii), (iii), (vii) agus (viii).
([31]) Tuairim 3/2024 ón gCoiste Maoirseachta, moltaí I.3(i) agus (iv).
([32]) Tuairim 3/2024 ón gCoiste Maoirseachta, moltaí I.4(i) agus (vi).
([33]) Tuairim 3/2024 ón gCoiste Maoirseachta, moltaí I.5(iii) agus (iv).
([34]) Tuairim 3/2024 ón gCoiste Maoirseachta, moladh I.6.
([35]) Tuairim 3/2024 ón gCoiste Maoirseachta, moltaí I.7(i) agus (ii).
([36]) Tuairim 3/2024 ón gCoiste Maoirseachta, moltaí I.8(i) agus (ii).
([37]) Tuairim 3/2024 ón gCoiste Maoirseachta, moltaí I.1(vi) agus I.9.
([38]) Sonraítear an méid seo a leanas in Airteagal 7(8) de Rialachán 883/2013: 'Mura bhféadfar imscrúdú a dhúnadh laistigh de 12 mhí tar éis é a oscailt, déanfaidh an tArd-Stiúrthóir, ar dhul in éag don tréimhse 12 mhí sin agus gach sé mhí ina dhiaidh sin, tuarascáil a thabhairt don Choiste Maoirseachta, ina léireofar na cúiseanna agus na bearta feabhais a bheartaítear d'fhonn dlús a chur leis an imscrúdú'.
([39]) Cuireadh an fhoclaíocht 'i gcás inarb iomchuí' le téacs Airteagal 7(8) de Rialachán OLAF trí bhíthin Rialachán 2020/2223.

46. In 2025, fuair an Coiste 484 tuarascáil ó OLAF faoi 327 imscrúdú aonair a bhí fós ar siúl agus iad oscailte ar feadh tréimhse níos faide ná 12 mhí. Bhí 49 % de na himscrúduithe sin níos faide ná 24 mhí agus bhí 16 % díobh níos faide ná 36 mhí (Fíor 1).

Fíor 1


327 chás fhada aonair a tuairiscíodh in 2025



47. Chun na figiúirí sin a chur i gcomhthéacs, soláthraítear léargas comparáideach i bhFíor 2 ar an líon imscrúduithe aonair a mhaireann níos faide ná 12 mhí le 3 bliana anuas. Taispeánann sé laghdú de réir a chéile ar líon foriomlán na gcásanna fadtréimhseacha a thuairiscigh Ard-Stiúrthóireacht OLAF, ó 404 chás in 2023 go dtí 333 in 2024, agus 327 in 2025. Tugtar le fios leis an treocht sin go bhfuil laghdú ar meánfhad na n-imscrúduithe fada, rud a léiríonn feabhas éigin ar an tráthúlacht lena láimhseálann OLAF na cásanna seo. Léirítear é sin, mar shampla, leis na figiúirí a bhaineann le himscrúduithe a mhaireann níos faide ná 48 mí. In 2023 bhí 13 imscrúdú den sórt sin ann agus in 2024 bhí 10 gcinn ann. Le linn chleachtadh faireacháin 2025 níor shainaithin an Coiste ach cás amháin den sórt sin.

Fíor 2

Éabhlóid cásanna aonair fada a tuairiscíodh idir 2023 agus 2025



2.5.2. *Imscrúduithe OLAF a bhí oscailte ar feadh tréimhse níos faide ná 36 mhí in 2025*

48. In 2025, rinne an Coiste faireachán tráthrialta ar fhad imscrúduithe OLAF, ag díriú go sonrach orthu siúd atá níos faide ná 36 mhí. Rinneadh an faireachán i dtrí chéim i rith na bliana. Ar an gcéad dul síos, idir an 1 Eanáir agus an 30 Meitheamh 2025 rinne an Coiste anailís ar chásanna a bhí níos faide ná 36 mhí (19 gcás). Ansin, idir an 1 Iúil agus an 30 Meán Fómhair 2025 rinne an Coiste athbhreithniú ar chásanna nua a bhí níos faide ná 36 mhí (7 gcás nua). Ar deireadh, idir an 1 Deireadh Fómhair 2025 agus an 31 Nollaig 2025, rinne an Coiste athbhreithniú ar an mbaisc dheiridh cásanna is faide ná 36 mhí (7 gcás nua). Sa chéim dheiridh sin, rinne an Coiste scrúdú freisin ar an dul chun cinn ar na 33 chás uile, lena n-áirítear na 26 chás a ndearnadh anailís orthu sa chéad agus sa dara céim níos luaithe sa bhliain. Sna trí chéim uile rinne an Coiste anailís ar na cásanna tuairiscithe sin amháin a bhí fós ag leanúint ar aghaidh ([40]).

49. I gcomhréir le hAirteagal 10 de na socruithe oibre idir OLAF agus an Coiste, bhí rochtain ag an gCoiste ar cháschomhaid na 33 imscrúdú thuasluaite. Faoi dheireadh mhí na Nollag 2025, bhí 22 cinn de na cásanna sin dúnta ag OLAF ([41]), agus bhí aon cheann deag acu fós ar siúl ([42]).

50. Sheol an Coiste iarrataí ar fhaisnéis freisin chun léargas cuimsitheach a fháil ar gach cás a ndearnadh anailís air. Thug an Coiste aird chuí ar na barúlacha a sholáthair OLAF le linn dó teacht ar a chonclúidí críochnaitheacha.

51. In athbhreithniú an Choiste, breathnaíodh ar na táscairí a leagtar amach thíos.

Leanúnachas gníomhaíochtaí imscrúdaitheacha. Rinneadh athbhreithniú cúramach ar leanúnachas na ngníomhaíochtaí imscrúdaitheacha ar feadh gach cáis. Rinne an Coiste na cúiseanna a thug OLAF ina thuarascálacha 12 mhí a chros-seiceáil leis na cáschomhaid agus rinne sé anailís ar leanúnachas na ngníomhaíochtaí idir na tréimhsí tuairiscithe. De réir an chleachtais sheanbhunaithe, thug an Coiste aird ar leith freisin ar bhearnaí idir gníomhaíochtaí imscrúdaitheacha, agus bearnaí is faide ná 3 mhí á meas aige mar 'bhratacha dearga', agus bearnaí is faide ná 6 mhí á meas aige mar léiriú ar bhacainní tromchúiseacha a bhíonn ar fhoireann an cháis a bhfuil tionchar mór acu, nó a bhféadfadh tionchar mór a bheith acu, ar fhad foriomlán imscrúdaithe. Lorgaíodh na húdair a bhí le sosanna den chineál sin sa cháschomhad (údair a bhí luaite go sainráite nó intuigthe ar bhealach eile) ([43]). Dhírigh an Coiste freisin ar an measúnú a rinne Foireann Athbhreithnithe OLAF ar leanúnachas na n-imscrúduithe ([44]).

Pleanáil imscrúduithe agus beartú tosaíochta oibríochtúla. Rinne an Coiste athbhreithniú ar chleachtas inmheánach OLAF maidir le fad na n-imscrúduithe a bhainistiú, agus béim ar leith á leagan ar phleanáil agus ar bheartú tosaíochta oibríochtúla. Rinne an Coiste measúnú féachaint ar glacadh cur chuige comhsheasmhach aonfhoirmeach in aonaid uile OLAF ([45]). Bhreithnigh an Coiste freisin ar thug bainistíocht OLAF tosaíocht oibríochtúil d'imscrúduithe is faide ná 36 mhí, chun dlús a chur lena dtabhairt chun críche ([46]).

Comhréireacht agus éifeachtacht. Rinne an Coiste réamh-mheasúnú freisin ar chomhréireacht fhad gach imscrúdaithe ar mhaithe le meastóireacht a dhéanamh i dtaobh an raibh údar maith leis bunaithe ar imthosca an cháis. Thairis sin, rinne an Coiste measúnú féachaint an raibh na bearta feabhais a moladh fóinteach agus oiriúnach chun aghaidh a thabhairt ar na cúiseanna nár tugadh imscrúduithe chun críche.

52. Tá achoimre thíos den anailís a rinne an Coiste in 2025.

([40]) Bhí 38 gcás ar an iomlán ann d'imscrúduithe tuairiscithe a mhair níos faide ná 36 mhí. Maidir le cásanna a tuairiscíodh don Choiste ach ar cuireadh deireadh leo sula ndearnadh an anailís, níor cuireadh san áireamh iad agus bhí 5 cinn acu ann.

([41]) [Faoi rún].

([42]) [Faoi rún].

([43]) Tuairim 5/2021 ón gCoiste Maoirseachta, moladh 1b.

([44]) Tuairim 5/2021 ón gCoiste Maoirseachta, moladh 2. Ar feadh imscrúdú OLAF, áirithíonn córas inmheánach comhairleach agus rialaithe a sholáthraítear in Airteagal 17(7) de Rialachán OLAF leasaithe (i) go gcomhlíontar na gníomhaíochtaí arna ndéanamh ag OLAF le linn a imscrúdaithe leis na prionsabail maidir le dlíthiúlacht, riachtanas agus comhréireacht; (ii) urramú ráthaíochtaí nós imeachta agus ceart bunúsach; agus (iii) cur i bhfeidhm ceart dhlí an Aontais agus an dlí náisiúnta. Tá an sásra neamhspleách inmheánach dlíthiúlachta agus rialaithe seo sannta faoi láthair d'fhoireann saineolaithe dlí laistigh de OLAF (an Fhoireann Athbhreithnithe).

([45]) Tuairim 5/2021 ón gCoiste Maoirseachta, moladh 3.

([46]) Tuairim 5/2021 ón gCoiste Maoirseachta, moladh 4c.

Tuairisciú

53. Thug an Coiste dá aire gurbh é 'castacht an ábhair' an chúis ba mhinice a d'agair OLAF chun údar a thabhairt le fad imscrúdaithe (in 70 % de na cásanna). Na himthosca ina bhféadfaí a mheas go bhfuil imscrúdú casta, d'fhéadfaidís a bheith éagsúil ó chás go cás ag brath ar an ábhar agus ar na himthosca sonracha. Is gnách go luann OLAF castacht nuair a bhíonn a lán doiciméad ann agus nuair a bhíonn sé deacair iad a scrúdú mar gheall ar fhormáid, méid agus teanga na ndoiciméad. Luaitear castacht freisin nuair a thagann deacrachtaí idirdhlínsiúla agus saincheisteanna dlíthiúla nua chun cinn, nuair a bhíonn baint ag an gcás le go leor daoine ([47]) agus/nó le go leor tíortha nó nuair a d'fhéadfadh sin a bheith amhlaidh, nuair a bhíonn raon feidhme an imscrúdaithe leathan nó nuair is deacair anailís a dhéanamh ar idirbhearta.

54. Ar na cúiseanna eile a thuairiscigh OLAF chun údar a thabhairt le fad imscrúdaithe, tá imthosca inmheánacha (e.g. saincheisteanna acmhainní daonna amhail neamhláithreacht fhada príomh-imscrúdaitheora nó an t-atheagrú foirne imscrúdaithe) nó imthosca seachtracha nach bhfuil neart ag OLAF orthu (e.g. deacrachtaí comhair le páirtithe leasmhara, a bheith ag fanacht le hionchur ó institiúidí an Aontais Eorpaigh, ó údaráis náisiúnta nó ó pháirtithe leasmhara eile, nó tionchar phaindéim COVID-19 ([48])).

55. Cúis eile a raibh tionchar aici ar fhad na n-imscrúduithe ab ea líon méadaitheach imscrúduithe comhlántacha idir OLAF agus OIPE. Imscrúduithe comhlántacha a bhí in aon trian de na cásanna a breathnaíodh ([49]) nó cásanna ina bhféadfaí inniúlacht OIPE a bhrath, agus iad uile ar fionraí fad agus a bhíothas ag feitheamh ar fhreagraí ó OIPE. Cuireadh gníomhaíochtaí imscrúdaitheacha ar fionraí go príomha mar gheall (i) ar an ngá a bhí ann fanacht ar chinneadh OIPE a n-imscrúdú coiriúil féin a thionscnamh bunaithe ar thuairisc choire OIPE arna dréachtú ag OLAF; nó (ii) sna cásanna inar osclaíodh imscrúdú OIPE agus inar mheas OLAF gurbh iomchuí, an gá fanacht go gcomhaontódh OIPE le OLAF imscrúdú comhlántach a dhéanamh.

56. Chuir an Coiste ábhar thuarascálacha 12 mhí OLAF i gcomparáid leis na sonraí uile a bhí ar fáil i ngach cáschomhad agus níor aimsigh sé aon neamhréireacht eatarthu. I dtéarmaí ginearálta, measann an Coiste gur féidir forléargas iontaofa ar an gcás a thabhairt leis an teimpléad a úsáidtear chun tuairisciú don Choiste, má líontar isteach i gceart é. Tá sé tábhachtach an fhaisnéis atá sa tuairisciú sin a thabhairt cothrom le dáta gach 6 mhí, agus aird ar leith á tabhairt ar na bearta feabhais a rinneadh le linn na tréimhse tuairiscithe agus ar éifeachtacht na mbeart sin. Mar atá curtha in iúl ag an gCoiste cheana féin ([50]), má bhíonn imscrúdú á thabhairt chun críche tráth a dhréachtaítear an tuarascáil 12 mhí, tá an dualgas ar OLAF fós an Coiste a chur ar an eolas faoi na bearta feabhais a rinneadh le linn an imscrúdaithe.

Leanúnachas na n-imscrúduithe

a. *Bearnaí i ngníomhaíochtaí imscrúdaitheacha*

57. Rinne an Coiste scrúdú cúramach ar dhéine na ngníomhaíochtaí imscrúdaitheacha ar feadh gach cáis agus shainaithin sé tréimhsí neamhghníomhaíochta i saolré fhormhór na gcásanna a ndearnadh anailís orthu (27 gcás) ([51]). I bhformhór na gcásanna, bhí níos mó ná tréimhse neamhghníomhaíochta amháin ann. In 27 gcás, d'aimsigh an Coiste bearnaí a mhair 3-8 mí ([52]). In 6 chás, mhair na bearnaí 9-15 mhí ([53]). I gcomparáid le cleachtadh 2024, níor aimsigh an Coiste tréimhsí neamhghníomhaíochta níos faide (bhí bearnaí níos faide ná 16 mhí ag 4 chás i gcleachtadh 2024).

58. Aithníonn an Coiste, mar a sonraíodh go comhsheasmhach, nach féidir an anailís ar fhad imscrúdaithe a bhunú ar líon agus ar fhad na mbearnaí gníomhaíochta san imscrúdú sin agus ar an méid sin amháin, agus nach mór cáschomhad iomlán an imscrúdaithe a chur san áireamh in aon anailís mar aon le himthosca sonracha agus castacht gach cáis shonraigh, i gcomhréir le hAirteagal 7(5) de Rialachán OLAF.

([47]) Bhí réimse daoine nádúrtha/dlíthiúla sna cásanna a ndearnadh anailís orthu, ó 1 go 29.
([48]) Tá feidhm leis an mbonn cirt sin maidir le cásanna a osclaíodh le linn na bliana 2021 nó sa chéad ráithe de 2022.
([49]) [Faoi rún].
([50]) Féach Tuairim 5/2021 ón gCoiste Maoirseachta, míreanna 38 agus 39.
([51]) Chun críche gontachta, níos sainaithníodh aon tréimhse neamhghníomhaíochta i gcúig chás [faoi rún].
([52]) [Faoi rún].
([53]) [Faoi rún].

59. Athdhearbhaíonn an Coiste ([54]) nach mór tréimhsí neamhghníomhaíochta a thaifeadadh i gceart agus údar cuí a thabhairt leo sa cháschomhad, agus gur cheart constaicí nó moilleanna a bhíonn ar fhoireann an cháis le linn saolré imscrúdaithe a chlárú agus a bheith inrianaithe in OCM i gcónaí, e.g. i bhfoirm nóta a ghabhann leis an gcomhad. Leis sin, cuirfear ar a chumas do lucht bainistíochta OLAF faireachán éifeachtach a dhéanamh ar an dul chun cinn atáthar a dhéanamh in imscrúdú agus áiritheofar leis an leibhéal trédhearcachta agus cuntasachta is gá.

60. San anailís a rinne sé roimhe seo ar fhad na n-imscrúduithe, thug an Coiste faoi deara nach ndearna OLAF na himthosca a bhain le tréimhsí neamhghníomhaíochta a thaifeadadh i gceart in OCM i roinnt cásanna ([55]). Léiríodh cheana féin leis an anailís a rinneadh in 2024 ([56]) go raibh feabhas tagtha ar an réimse sin i gcomparáid le roimhe seo. In 2025, thug an Coiste treocht den chineál céanna faoi deara, toisc go ndearna OLAF doiciméadú ar bhearnaí níos faide ná 3 mhí, ionas go bhféadfadh an Coiste anailís a dhéanamh ar na cúiseanna a bhí le tréimhsí neamhghníomhaíochta den sórt sin. Níor bhraith an Coiste bearnaí gan doiciméadú nach bhféadfadh OLAF míniú leordhóthanach a thabhairt orthu ach in dhá chás ([57]).

61. I ndáil leis an méid sin, molann an Coiste an cleachtas dul chun cinn incriminteach na hanailíse sonraí a dhéanann OLAF a dhoiciméadú i nótaí na gcáschomhad, chomh maith le haon chonstaic nós imeachta a bhíonn ar an bhfoireann imscrúdaithe a thaifeadadh. I gcomparáid le cleachtadh 2024, tugann an Coiste nós feabhsaithe faoi deara, cé go bhfuil éagsúlacht ó chás go cás ag baint leis an gcleachtas.

62. Ba mhaith leis an gCoiste na haonaid imscrúdaitheacha a spreagadh chun taifead a fhágáil in OCM ar na gníomhaíochtaí imscrúdaitheacha sin a tharlaíonn go pearsanta agus/nó ó bhéal, amhail cruinnithe, comhráití teileafóin nó físchomhdhálacha (e.g., trí nóta a ghabhann leis an gcomhad), agus cuntas a thabhairt ar aidhm agus ar phríomhthoradh na gníomhaíochta imscrúdaithí.

63. Ina theannta sin, thug an Coiste dá aire, cé gur chláraigh OLAF doiciméid in am i bhformhór na gcásanna, go raibh moill áirithe leis sin ar uairibh (e.g. malartuithe ríomhphoist a théann siar tamall sula gcuirtear isteach in OCM iad). Imíonn an cleachtas sin ón ngá atá le soiléireacht agus trédhearcacht in OCM, rudaí atá fíorthábhachtach ó thaobh seoladh cuíchóirithe imscrúduithe, maoirseacht bhainistíochta agus obair faireacháin an Choiste. Cuireann an Coiste i dtábhacht, dá bhrí sin, a thábhachtaí atá sé na doiciméid ábhartha uile a chur isteach in OCM gan mhoill agus, mura bhfuil sé indéanta déanamh amhlaidh, míniú a sholáthar agus a chlárú sa chomhad (malartú ríomhphoist, nóta leis an gcomhad, etc.).

b. *Tuairimí na Foirne Athbhreithnithe*

64. I ngach ceann de na 22 chás a dúnadh, rinne an Coiste anailís freisin ar na tuairimí a d'eisigh an Fhoireann Athbhreithnithe sular dúnadh cás ar leith ('tuairim faoi dhúnadh'). D'aimsigh an Coiste méid áirithe ilchineálachta san anailís a rinne an Fhoireann Athbhreithnithe maidir le leanúnachas na n-imscrúduithe. I gcásanna áirithe, rinneadh tagairt i dtuairim na Foirne Athbhreithnithe do thréimhsí neamhghníomhaíochta nó do chastacht an cháis gan mínithe ná sonraí breise a sholáthar chun tacú le measúnú na Foirne Athbhreithnithe. I gcásanna eile, níor sonraíodh sa tuairim ach 'nár aimsíodh aon tásc den sórt sin [ar mhoilleanna míchuí]', cé go bhféadfadh sé go dtabharfaí a mhalairt le fios in ábhar an cháschomhaid.

65. Athdhearbhaíonn an Coiste an tuairim a chuir sé in iúl roimhe seo ([58]) go bhfuil an measúnú a rinneadh ag deireadh an imscrúdaithe thar a bheith ábhartha maidir le faireachán a dhéanamh ar éifeachtúlacht ghníomhaíocht OLAF. Dá bhrí sin, ionas go mbeidh na tuairimí maidir le dúnadh cásanna fiúntach agus go gcomhlíonfaidh siad a gcuspóir ([59]), athdhearbhaíonn an Coiste gur cheart measúnú cuí-réasúnaithe iomlán ar leanúnachas an imscrúdaithe a áireamh iontu, lena n-áirítear breithnithe a bhaineann le fad.

([54]) Tuairim 5/2021 ón gCoiste Maoirseachta, mír 44.
([55]) Tuairim 5/2021 ón gCoiste Maoirseachta, míreanna 45 agus 46.
([56]) Tuarascáil Bhliantúil 2024 ón gCoiste Maoirseachta, mír 90.
([57]) [Faoi rún].
([58]) Tuairim 5/2021 ón gCoiste Maoirseachta, moladh 2; agus Tuarascáil Bhliantúil 2024 ón gCoiste Maoirseachta, mír 94.
([59]) Airteagal 17 de Rialachán OLAF.

66. Molann an Coiste do OLAF cothromaíocht iomchuí a bhaint amach idir rúndacht a chosaint agus seiceáil éifeachtach dlíthiúlachta a áirithiú. Chun tacaíocht a thabhairt do OLAF aghaidh a thabhairt ar an tsaincheist sin, mhol an Coiste leasuithe reachtacha le déanaí lena n-áiritheofaí go láimhseálfaí tuairim na Foirne Athbhreithnithe maidir le dúnadh mar dhoiciméad inmheánach ionas, i gcás inarb iomchuí, nach gcuirfí ach a chonclúidí amháin in iúl d'fhaighteoirí seachtracha ([60]). Leis sin d'fheabhsófaí cumas na Foirne Athbhreithnithe a ról a chomhlíonadh mar choimirce neamhspleách, lena soláthrófaí breithmheas iontaofa fónta d'Ard-Stiúrthóireacht OLAF maidir le dlíthiúlacht, comhréireacht agus sláine nós imeachta na ngníomhaíochtaí imscrúdaitheacha. D'ainneoin sin, ag feitheamh ar aon leasú ar Rialachán OLAF, tá an Coiste muiníneach go leanfaidh OLAF suas an cheist seo chun a áirithiú go mbeidh fiúntas ag baint le hobair na Foirne Athbhreithnithe go fóill.

Pleanáil imscrúduithe agus beartú tosaíochta

67. De réir mar a rinneadh foráil le leasú le déanaí ar na Treoirlínte maidir le nósanna imeachta imscrúdaithe, ceanglaítear ar aonaid imscrúdaitheacha 'plean oibre a ullmhú don imscrúdú a luaithe is féidir tar éis a oscailte' ([61]), agus tabharfar 'cothrom le dáta iad go tráthrialta' ([62]). Thairis sin, ceanglaíonn na Treoirlínte maidir le nósanna imeachta imscrúdaithe go sainráite anois go ndéanfadh bainisteoir sinsearach OLAF 'faireachán ar chur chun feidhme na bpleananna oibre' ([63]) Is díol sásaimh don Choiste an fhorbairt sin agus aithníonn sé iarrachtaí Ard-Stiúrthóir OLAF moladh 3 de Thuairim 5/2021 a chur chun feidhme.

68. Léiríodh san anailís a rinneadh, in 2025, i 30 % de chásanna, nár tarraingíodh suas pleananna oibre imscrúdaithe tosaigh. Tá feabhas ag teacht ar an treocht, agus murab ionann le cleachtadh 2024 bhí sé sin amhlaidh i gcás 60 % de chásanna. Sa 70 % de chásanna eile in 2025, cuireadh plean oibre tosaigh le chéile, agus in 18 % de na cásanna iomlána tugadh an plean oibre tosaigh cothrom le dáta freisin (i gcomparáid le 5,77 % in 2024). Tá an feabhas ar chomhchéim le formhór na n-imscrúduithe a ndearnadh anailís orthu (90 % de chásanna) a osclaíodh tar éis athbhreithniú a rinneadh ar na Treoirlínte maidir le nósanna imeachta imscrúdaithe i mí Dheireadh Fómhair 2021 ([64]). Athdhearbhaíonn an Coiste a thuairim go rachaidh cur chuige comhsheasmhach chun tairbhe d'oibríochtaí OLAF ([65]). Trí phleananna oibre a tharraingt suas ag tús imscrúdaithe agus a thabhairt cothrom le dáta nuair is gá, tugtar uirlis nithiúil do lucht bainistíochta OLAF chun faireachán a dhéanamh ar fhad agus ar dhul chun cinn imscrúduithe agus chun an úsáid is fearr a bhaint as a acmhainní foirne. Tá súil ag an gCoiste go gcuirfear Airteagal 33(1) agus (2) de na Treoirlínte maidir le nósanna imeachta imscrúdaithe a glacadh as an nua i bhfeidhm ar bhealach comhsheasmhach amach anseo.

69. In anailís an Choiste, aimsíodh leibhéal áirithe ilchineálachta freisin maidir le tosaíocht oibríochtúil a shannadh do chásanna. Níor tugadh tosaíocht go sainráite ach do chúig n-imscrúdú a bhí níos faide ná 36 mhí ([66]). Léiríodh san anailís freisin, áfach, cé nár deonaíodh tosaíocht oibríochtúil go sainráite dóibh, gur dúnadh 22 chás go gairid tar éis dóibh a bheith oscailte ar feadh tréimhse níos faide ná 36 mhí. Cuireann an Coiste i dtábhacht a thábhachtaí atá sé taifead a dhéanamh sa cháschomhad ar chinntí maidir le tosaíocht a thabhairt d'imscrúdú, chomh maith le haon athrú ina dhiaidh sin ar chinntí den sórt sin a dhoiciméadú.

70. San anailís a rinne an Coiste ar chásanna a bhí ar siúl ar feadh tréimhse tharr 36 mhí in 2025, tugadh léargas ar roinnt torthaí. Ar an gcéad dul síos, tháinig laghdú ar na cásanna sin i gcomparáid le 2024 (33 chás amach as 327 in 2025 (10 %) i gcomparáid 44 chás amach as 333 in 2024 (13 %), mar a thaispeántar i bhFíor 2, ar forbairt dhearfach é. Ar an dara dul síos, cuireadh i dtábhacht san anailís freisin gur cuireadh dlús leis an gcuid is mó de na himscrúduithe tar éis dóibh a bheith oscailte ar feadh 36 mhí, rud a d'fhág gur dúnadh formhór na gcásanna tar éis idir 36 mhí agus 42 mhí.

([60]) Féach na tuairimí agus na moltaí gaolmhara a léiríodh i dTuairim 1/2026 ón gCoiste Maoirseachta, Roinn 3.2.3.
([61]) Airteagal 33(1), an chéad ásc, de na Treoirlínte maidir le nósanna imeachta imscrúdaithe.
([62]) Airteagal 33(2), de na Treoirlínte maidir le nósanna imeachta imscrúdaithe.
([63]) Airteagal 33(3) de na Teoirlínte maidir le Nósanna Imeachta Imscrúdaithe.
([64]) Tugadh isteach an ceanglas maidir le plean oibre a tharraingt suas sna Treoirlínte maidir le nósanna imeachta imscrúdaithe a formheasadh i mí Dheireadh Fómhair 2021. Ceanglaítear leis na Treoirlínte maidir le nósanna imeachta imscrúdaithe a formheasadh as an nua, a tháinig i bhfeidhm an 1 Eanáir 2026, go dtabharfaí na pleananna oibre cothrom le dáta.
([65]) Tuairim 5/2021 ón gCoiste Maoirseachta, moladh 3.
([66]) [Faoi rún].

71. Thug an Coiste dá aire freisin, faoi dheireadh mhí na Nollag 2025, amach as na 22 chás a dúnadh, gur dúnadh 16 chás le moltaí ([67]) (14 mholadh airgeadais, 1 mholadh araíonaíochta amháin, 2 mholadh bhreithiúnacha agus 6 mholadh riaracháin), gur dúnadh 5 chás gan moltaí ([68]), agus gur cuireadh deireadh le 1 chás amháin mar gheall gur osclaíodh imscrúdú OIPE maidir leis na fíorais chéanna ([69]).

72. Mar chonclúid, ar fhéachaint don Choiste ar leanúnachas na n-imscrúduithe, fuair sé, i bhformhór cásanna, go raibh údar maith iarbhír le fad agus tréimhsí sainaitheanta na neamhghníomhaíochta. Dar leis an gCoiste, nach n-ardaíonn ach líon an-teoranta de na cásanna a ndearnadh anailís orthu ([70]), ábhar imní maidir le comhréireacht a bhfaid. Measann an Coiste nach raibh imscrúduithe OLAF leanúnach, sna cásanna sin, agus nach raibh údar maith leis na bearnaí. I bhfianaise na mbreithnithe thuas, cuireann an Coiste i dtábhacht a thábhachtaí atá sé bearnaí idir na himscrúduithe a theorannú a mhéid is féidir. Cuireann sé i dtábhacht freisin an gá atá ann údar soiléir le tréimhsí neamhghníomhaíochta den sórt sin a thabhairt sa cháschomhad.

2.6. *Faireachán ar chur chun feidhme OLAF ar mholtaí an Choiste Maoirseachta*


73. Ar feadh na tréimhse tuairiscithe, thug an Coiste faoi ghrinnmheasúnúar chur chun feidhme na moltaí a d'eisigh sé do OLAF ó 2021 go 2024 trína chuid tuairimí.

74. Rinne an Coiste a mheasúnú agus seasamh OLAF mar a cuireadh i láthair é ina thuarascáil bhliantúil maidir le cur chun feidhme moltaí á chur san áireamh aige, agus rinne sé scrúdú cúramach ar na bearta coincréiteacha a glacadh chun na moltaí a chur chun feidhme. Rinne an Coiste anailís ar shubstaint agus ar thionchar praiticiúil ghníomhaíochtaí OLAF araon agus, i gcás inarbh ghá, d'iarr sé tuilleadh soiléirithe agus doiciméadacht thacaíochta bhreise agus fianaise chun a áirithiú go ndéanfaí measúnú cuimsitheach agus oibiachtúil maidir leis an leibhéal cur chun feidhme.

75. Rinne an Coiste measúnú ar leibhéal cur chun feidhme 71 mholadh ar an iomlán a eisíodh ina thuairimí idir 2021 agus 2024. Mheas sé gur cuireadh 41 chun feidhme, gur cuireadh 12 chun feidhme i bpáirt agus nár cuireadh 7 gcinn chun feidhme in aon chor, agus nach raibh 11 mholadh infheidhme a thuilleadh sa chomhthéacs reatha. Taispeántar na céatadáin thíos i bhFíor 3.

Fíor 3

Measúnú ar chur chun feidhme OLAF ar mholtaí an Choiste Maoirseachta



([67]) [Faoi rún].
([68]) [Faoi rún].
([69]) [Faoi rún].
([70]) [Faoi rún].

76. Bhain thart ar 70 % de na moltaí a bhí faoi réir an chleachtaidh faireacháin seo le leasuithe féideartha ar na Treoirlínte maidir le nósanna imeachta imscrúdaithe. Ceapadh moltaí den sórt sin i dtuairimí éagsúla, agus go príomha i dTuairim 3/2024 ón gCoiste Maoirseachta, inar thug an Coiste breathnuithe maidir leis an dréacht deiridh de na Treoirlínte nua maidir le nósanna imeachta imscrúdaithe a bhí beartaithe lena nglacadh gairid ina dhiaidh sin.

77. Cuimsítear príomh-ionstraim nós imeachta leis na Treoirlínte maidir le nósanna imeachta imscrúdaithe laistigh de chreat imscrúdaithe OLAF. Tugann siad treoraíocht shoiléir, chuimsitheach agus oibríochtúil d'imscrúdaitheoirí, rud lena n-áirithítear comhsheasmhacht, cinnteacht dhlíthiúil agus comhleanúnachas nós imeachta i seoladh imscrúduithe. Saothraíodh dhá phríomhchuspóir ina n-athbhreithniú le déanaí: i) chun na forálacha sonracha a thabhairt cothrom le dáta chun a áirithiú go bhfuiltear ag comhlíonadh go hiomlán an creat dlíthiúil is infheidhme agus an cásdlí ábhartha; agus ii) chun comhdhlúthú a dhéanamh, a mhéid is féidir é, ar na rialacha inmheánacha nós imeachta éagsúla i ndoiciméad comhtháite amháin, rud lena dtabharfar aghaidh dá réir sin ar an deighilt a leanfaidh as na treoracha agus treoirlínte inmheánacha iomadúla atá ann.

78. Chuir an Coiste fáilte dá bhrí sin roimh na treoirlínte athbhreithnithe a glacadh, d'ainneoin na moille maidir le bailchríoch a chur orthu i gcomparáid leis an amlíne tosaigh a samhlaíodh leo. Glacadh go foirmiúil leis an leagan críochnaitheach de na Treoirlínte nua maidir le nósanna imeachta imscrúdaithe an 11 Samhain 2025 agus tháinig siad i bhfeidhm an 1 Eanáir 2026, rud a bhí mar chéim thábhachtach i dtreo soiléire nós imeachta agus comhleanúnachas institiúide a neartú.

79. Tar éis a nglactha, bhí an Coiste in ann measúnú a dhéanamh ar a mhéid a bhí a chuid moltaí léirithe sna Treoirlínte nua maidir le nósanna imeachta imscrúdaitheacha. Tugtar le fios leis an anailís ar an téacs deiridh go ndearnadh dul chun cinn substaintiúil ó thaobh aghaidh a thabhairt ar líon suntasach de mholtaí an Choiste. D'ainneoin sin, níor cuireadh ach gnéithe áirithe chun feidhme i bpáirt nó níor ionchorpraíodh iad ar an mbealach a mhol an Coiste. I bhfianaise na saincheisteanna sin a bhí fós le réiteach, agus chomh hábhartha agus a bhí siad do stóinseacht nós imeachta iomlán a áirithiú agus comhlíonadh leis an gcreat dlíthiúil is infheidhme, leanfaidh an Coiste i mbun dlúthfhaireacháin, i bhfeidhmiú a shainordaithe maoirseachta, ar na príomhphointí atá leagtha amach thíos.

80. **Fad na n-imscrúduithe.** Le blianta beaga anuas, d'eisigh an Coiste roinnt moltaí arb é is aidhm dóibh acmhainneacht OLAF a neartú maidir le fad a cuid imscrúduithe a bhainistiú go héifeachtach. Mar a fheictear thuas, in ainneoin an dul chun cinn a rinneadh, measann an Coiste go bhfuil gnéithe áirithe fós ríthábhachtach chun a áirithiú go rachaidh na himscrúduithe ar aghaidh gan moill mhíchuí. Go háirithe, athdhearbhaíonn an Coiste: i) an gá atá ann tréimhse neamhghníomhaíochta is mó ná 3 mhí a chosc, agus a áirithiú i gcás ar bith go ndéantar tréimhsí den sórt sin a thaifeadadh go cuí agus a bhunú i gceart sa OCM; ii) an tábhacht atá lena áirithiú go bhfuil measúnú cuimsitheach agus dea-réasúnaithe maidir le leanúnachas an imscrúdaithe i dtuairimí na Foirne Athbhreithnithe a eisíodh sular dúnadh imscrúdú OLAF, lena n-áirítear comaoineacha a bhaineann le fad; agus iii) an deis nós imeachta tiomnaithe a leagan síos le haghaidh athbhreithniú sistéamach ar chásanna is faide ná 24 mhí, in éineacht le tosaíocht shoiléir a thabhairt do na cásanna sin ar faide iad ná 36 mhí, mar shásra éifeachtach chun fad foriomlán na n-imscrúduithe a laghdú.

81. **Athruithe ar raon feidhme na n-imscrúduithe.** Tugann an Coiste dá aire nach dtugtar aghaidh sna Treoirlínte nua maidir le nósanna imeachta imscrúdaithe ar an bhféidearthacht teorainn a chur le raon feidhme imscrúdaithe, bíodh sé i ngeall ar easpa inniúlachta nó ar chúiseanna eile. Cé go n-aithníonn an Coiste go meastar gur cásanna eisceachtúla iad cásanna ina laghdaítear nó ina gceartaítear raon feidhme tosaigh imscrúdaithe, cuirtear i dtábhacht leis gur tharla cásanna den sórt sin sa chleachtas. I gcás nach ann d'aon treoraíocht cruthaítear éiginnteacht leis sin faoin gcaoi ar cheart cásanna den chineál céanna a láimhseáil má tharlaíonn siad arís amach anseo. Ar an gcúis sin, measann an Coiste, fiú más annamh é, gur cheart cumhdach sainráite a thabhairt do chásanna den sórt sin, mura ndéantar amhlaidh laistigh de na Treoirlínte maidir le nósanna imeachta imscrúdaithe, gur cheart é a dhéanamh trí threoracha ar leithligh, chun treoraíocht chuí d'imscrúdaitheoirí, cinnteacht agus trédhearcacht dhlíthiúil a áirithiú.

82. **Tuairisciú frithpháirteach ar chásanna idir OLAF agus OIPE.** Bhí aird ar leith ag an gCoiste ar chomhar idir OLAF agus OIPE ó bunaíodh OIPE, mar a thaispeántar le Tuairim 2/2021 ón gCoiste Maoirseachta maidir leis na socruithe oibre idir OLAF agus OIPE agus cleachtaí faireacháin ina dhiaidh sin ([71]). Tá an idirghníomhaíocht agus an comhar praiticiúil idir an dá oifig ríthábhachtach do chur chun feidhme ceart na ndualgas tuairiscithe cómhalartach. Sin é an fáth a measann an Coiste gur cheart do na socruithe oibre tuilleadh treoraíochta a sholáthar

([71]) Féach Tuairim 1/2024 maidir le himscrúduithe comhlántacha OLAF agus OIPE agus an cleachtadh leantach gaolmhar atá áirithe i dTuarascáil Bhliantúil an Choiste Maoirseachta 2024; féach freisin Tuairim ón gCoiste Maoirseachta maidir le dualgas tuairiscithe OLAF do OIPE, a bhfuil coinne lena foilsiú sa chéad leath de 2026.

maidir leis na himthosca a bhaineann le haistriú cásanna agus na bealaí chun déanamh amhlaidh. É sin ráite, aithníonn an Coiste freisin go bhfuiltear ag feitheamh ar fhorbairtí tábhachtacha mar chuid den athbhreithniú ar an ollstruchtúr frithchalaoise, rud a mbeidh tionchar aige ar na bealaí a gcomhoibríonn an dá chomhlacht le chéile. Leanfaidh an Coiste i mbun faireacháin ar an tsaincheist athraithe sin agus - laistigh de shaindualgais a shainordaithe - cuideoidh sé chun comhar réidh a áirithiú.

2.7. *Faireachán ar ghearáin aonair a cuireadh faoi bhráid OLAF*

83. Mar a tharlaíonn gach bliain, in 2025, fuair an Coiste tuarascálacha leathbhliantúla agus doiciméid ábhartha maidir le gearáin aonair a láimhseáil OLAF. Chuir an Ard-Stiúrthóireacht an Coiste ar an eolas gur dhéileáil OLAF le hocht gcuideachta ar an iomlán. Thug an tArd-Stiúrthóir forléargas freisin ar na gearáin ar dhéileáil an tOmbudsman Eorpach leo. Thug OLAF rochtain uathoibríoch ar na cásanna comhfhreagracha in OCM, ina bhfuil na doiciméid ábhartha agus an fhaisnéis ábhartha uile ([72]).

84. Dhírigh an Coiste ar na cúig ghearán ar chuir OLAF a láimhseáil i gcrích in 2025 (d'fhreagair OLAF na trí cinn eile in 2026).

85. Ba iad baill foirne an Aontais a chomhdaigh na gearáin uile a ndearnadh anailís orthu. Faoi Airteagal 90a de na Rialacháin Foirne ([73]), féadfaidh oifigigh an Aontais agus baill foirne eile iarrataí a chur faoi bhráid Ard-Stiúrthóir OLAF a bhaineann lena gcearta agus leis an gcaoi a ndéileáiltear leo i gcomhthéacs imscrúduithe arna ndéanamh ag OLAF. Is féidir leo gearáin a chur isteach freisin in aghaidh gníomhaíocht a dhéanann dochar dóibh i dtaca le himscrúduithe arna ndéanamh ag OLAF.

86. Tugann an Coiste dá aire gur thaisc faisnéiseoirí ceithre ghearán inar cuireadh in aghaidh chinneadh OLAF chun an cás roghnúcháin a dhíbhe agus dá bhrí sin gan imscrúdú a oscailt.

87. Bhain gearán amháin le hiarraidh ar dhamáistí ábhartha agus neamhábhartha faoi Airteagal 90a de na Rialacháin Foirne ó dhuine lenar bhain in imscrúdú dúnta, inar líomhnaíodh go raibh imscrúdú OLAF neamhdhleathach.

88. Sna gearáin thuasluaite, measann an Coiste gur sholáthair OLAF mínithe leordhóthanacha do na gearánaigh uile agus gur ghníomhaigh sé i gcomhréir lena oibleagáid faoi Airteagal 41(2)(c) de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh maidir leis 'an oibleagáid atá ar an lucht riaracháin cúiseanna a thabhairt lena chinntí'.

3. **Comhar**

3.1. *Comhar le OLAF*

89. In 2025, rinne an Coiste comhdhlúthú ar an gcomhar tairbheach atá aige le OLAF trí idirphlé oscailte fóinteach a choinneáil ar bun le hArd-Stiúrthóir OLAF agus lena fhoireann, agus tar éis deireadh teacht lena théarma siúd, leis an Ard-Stiúrthóir gníomhach agus lena foireann.

90. Lean an Coiste den chleachtas cuireadh a thabhairt d'Ard-Stiúrthóir OLAF agus dá fhoireann freastal ar a chruinnithe míosúla chun aon ábhar atá ábhartha d'obair an Choiste agus d'obair OLAF a phlé agus chun iad a chur ar an eolas faoi. Chomh maith leis sin, reáchtáil comhaltaí an Choiste agus an Rúnaíocht cruinnithe foirmiúla agus neamhfhoirmiúla le lucht bainistíochta agus foireann OLAF mar chuid de na hullmhúcháin d'obair an Choiste.

([72]) De bhun Airteagal 6(2) de na socruithe oibre idir OLAF agus an Coiste Maoirseachta.

([73]) Rialachán Uimh. 31 (CEE), 11 (CEFA), lena leagtar síos Rialacháin Foirne na nOifigeach agus Coinníollacha Fostaíochta Seirbhíseach eile de Chomhphobal Eacnamaíochta na hEorpa agus den Chomhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, le fáil ag: EUR-Lex - 01962R0031-20140501 - GA - EUR-Lex.

91. Fuair an Coiste na tuarascálacha seo a leanas ó OLAF, i gcomhréir le forálacha Rialachán OLAF agus le cleachtais oibre bhunaithe: (i) tuarascálacha ar imscrúduithe a mhair ar feadh tréimhse níos faide ná 12 mhí; (ii) tuarascálacha inar tharla nach ndearnadh obair leantach ar mholtaí a d'eisigh OLAF ó bhí an 1 Deireadh Fómhair 2013 ann agus a bhfuair OLAF freagraí ina leith ó na húdaráis lena mbaineann i gcleachtadh faireacháin bliantúil 2024; (iii) tuarascálacha maidir le gearáin a comhdaíodh le OLAF maidir le ráthaíochtaí nós imeachta in imscrúduithe leanúnacha OLAF; (iv) tuarascálacha ar chásanna ar cuireadh faisnéis chuig údaráis bhreithiúnacha náisiúnta ina leith; (v) tuarascáil ar chur siar faoi Airteagal 4(6) de Rialachán OLAF; (vi) tuarascáil maidir le cur chun feidhme OLAF ar mholtaí an Choiste Maoirseachta in 2024; agus (vii) tuarascáil maidir le cásanna nár osclaíodh aon imscrúdú ina leith agus maidir le cásanna a díbheadh

3.2. ***Caidreamh le páirtithe leasmhara***

92. Tá an Coiste cuntasach do na hinstitiúidí a cheapann a chomhaltaí agus, an tráth céanna, is comhpháirtí idirphlé d'institiúidí an Aontais é. Tuairiscíonn an Coiste d'institiúidí an Aontais maidir lena ghníomhaíochtaí; féadfaidh sé tuairimí a eisiúint ar iarraidh uathu; ullmhaíonn sé tuarascálacha ar ábhair imscrúdaitheacha, agus malartaíonn sé tuairimí leo ar an leibhéal polaitiúil ([74]).

93. Measann an Coiste go bhfuil sé tábhachtach teagmháil thráthrialta a choinneáil ar bun le hinstitiúidí an Aontais agus le comhpháirtithe agus páirtithe leasmhara OLAF chun feabhas a chur ar an sreabhadh faisnéise agus chun aiseolas a fháil faoi fheidhmíocht OLAF. Bhí tábhacht leis sin go háirithe le linn na bliana tuairiscithe, leis an obair leanúnach a bhí á déanamh ar an meastóireacht ar Rialachán OLAF agus seoladh an athbhreithnithe maidir leis an ollstruchtúr frithchalaoise.

94. Bhí an Coiste agus a Rúnaíocht i dteagmháil leo seo a leanas: (i) Meitheal na Comhairle um Chomhrac na Calaoise (cur i láthair ar thuarascáil bhliantúil 2024 ón gCathaoirleach an 18 Meitheamh 2025); (ii) coiste um Rialú Buiséadach 'CONT' Pharlaimint na hEorpa (cur i láthair an Chathaoirligh ar thuarascáil bhliantúil 2024 an Choiste an 16 Deireadh Fómhair 2025); agus (iii) an Coimisinéir um an mBuiséad agus Comhrac Calaoise agus um an Riarachán Poiblí, Piotr Serafin (a bhí rannpháirteach i gcruinniú iomlánach an Choiste an 16 Meán Fómhair 2025).

95. Ghlac an Coiste páirt freisin sa mhalartú tuairimí idirinstitiúideach bhliantúil maidir le OLAF an 3 Samhain 2025, arna óstáil ag Uachtaránacht na Danmhairge ar an gComhairle, inar díríodh ar an athbhreithniú ar an ollstruchtúr frithchalaoise. D'athdheimhnigh an Coiste a thacaíocht gan staonadh do ról OLAF mar chomhlacht imscrúdaithe neamhspleách ag a bhfuil suíomh lárnach laistigh d'ollstruchtúr frithchalaoise an Aontais. De réir an Choiste, ba cheart roinnt príomhchumasóirí a chur i bhfeidhm do OLAF chun a mhisean a sheachadadh ina iomláine, agus cur leis na príomhcholúin maidir le leanúnachas, neamhspleách agus seasamh lena shainordú oibríochtúil.

96. Ar an gcéad dul síos, chuir an Coiste i dtábhacht gur cheart do OLAF rialuithe inmheánacha a neartú chun fad imscrúduithe a ghiorrú agus a áirithiú go dtugtar tosaíocht straitéiseach d'idirghabhálacha. Ar an dara dul síos, ba chart do OLAF na modhanna uile is gá (acmhainní daonna, cistiú, teicneolaíocht) a bheith aige chun freagairt do bhealaí chun calaois a dhéanamh, ar bealaí iad atá i bhfad níos sofaisticiúla agus atá ag athrú go tapa. Ar an tríú dul síos, le dearcadh níos fadtéarmaí, shainaithin an Coiste roinnt réimsí óna dteastaíonn machnamh cúramach a chuirfeadh leis an athbhreithniú a dhéanfar go luath ar Rialachán OLAF ([75]). Tá roinnt athruithe spriocdhírithe ar Rialachán OLAF ag teastáil chun feabhas a chur ar shoiléireacht agus ar chomhleanúnachas inmheánach, ar mhaithe lena chur i bhfeidhm agus lena thionchar sa deireadh thiar. Ar deireadh, ba cheart aird chuí a thabhairt freisin do dhúshláin a théann thar a bhfuil i Rialachán OLAF féin agus a bhaineann leis an ollstruchtúr frithchalaoise i gcoitinne. Mar shampla, braitheann forfheidhmiú thorthaí OLAF ar chomhlachtaí agus ar údaráis inniúla eile, agus uaireanta leanann nósanna imeachta fada agus éiginnte astu sin. I ndáil leis an méid sin, d'fhéadfaí machnamh a dhéanamh ar athbhreithniú a dhéanamh ar stádas dlíthiúil mholtaí OLAF nó cuntasacht na n-údarás inniúil as a n-obair leantach a threisiú.

([74]) Airteagal 15(1) de Rialachán (AE) Uimh. 883/2013: 'Tabharfaidh an Coiste Maoirseachta don Ard-Stiúrthóir tuairimí, lena n-áirítear i gcás inarb iomchuí, moltaí maidir leis, inter alia, na hacmhainní a mbeidh gá leo chun feidhm imscrúdaitheach na hOifige [OLAF] a chomhlíonadh, maidir le tosaíochtaí imscrúdaitheacha na hOifige agus maidir le fad na n-imscrúduithe. Féadfar na tuairimí sin a thabhairt ar a tionscnamh féin, arna iarraidh sin don Ard-Stiúrthóir nó arna **iarraidh sin d'institiúid, comhlacht, oifig nó gníomhaireacht**, gan cur isteach, áfach, ar sheoladh na n-imscrúduithe atá fós ar siúl. […] Tabharfar cóip de na tuairimí a thugtar de bhun an tríú fomhír do na hinstitiúidí, comhlachtaí, oifigí nó gníomhaireachtaí.'

([75]) Cuirtear iad sin i láthair go cuimsitheach i dTuairim 1/2026 ón gCoiste Maoirseachta *atá ag gabháil le tuarascáil mheastóireachta an Choimisiúin maidir le cur i bhfeidhm agus tionchar Rialachán OLAF* agus a bhfuil achoimre de thuas faoi roinn '2.3 Dréacht-Thuairim atá ag gabháil le Tuarascáil Mheastóireachta an Choimisiúin maidir le Rialachán OLAF'.

97. Ghlac an Coiste páirt freisin san idirphlé cur chun feidhme maidir le hathbhreithniú an ollstruchtúir frithchalaoise leis an gCoimisinéir Serafin an 10 Samhain 2025.

4. **Riarachán agus acmhainní**

4.1. ***Modhanna oibre an Choiste Maoirseachta***

98. Idir mí Eanáir agus mí na Nollag 2025, bhí 11 chruinniú iomlánacha ag an gCoiste, ar bhonn hibrideach nó i bpearsa. Cheap an Coiste rapóirtéir le haghaidh gach mór-shaincheiste a scrúdaíodh. D'oibrigh na rapóirtéirí i gcomhar leis an Rúnaíocht chun dréacht-tuarascálacha a ullmhú a bhí le plé ag na cruinnithe iomlánacha; bhí cruinnithe neamhfhoirmiúla agus foirmiúla acu freisin le baill foirne ábhartha OLAF agus leis an Rúnaíocht maidir le dréachtú tuairimí. Tháinig an Cathaoirleach, na rapóirtéirí agus na comhaltaí den Rúnaíocht le chéile ar bhonn tráthrialta freisin chun obair a dhéanamh ar shaincheisteanna sonracha.

99. Le linn 2025, bhí comhdhéanamh iomlán an Choiste de chúigear comhaltaí curtha ar ais.

100. Tar éis don Uasal Thierry Cretin éirí as an bpost i mí Iúil 2024, ceapadh comhalta eile ón bpainéal ionadaithe a áirítear sa Chinneadh lena gceaptar comhaltaí Choiste Maoirseachta OLAF ([76]). D'éirigh an comhalta sin as oifig gairid ina dhiaidh sin, agus as sin ceapadh an tUasal Andrei-Atila-Luca Chendi an 1 Deireadh Fómhair 2025.

101. Tar éis don Uasal Teresa Anjinho éirí as oifig i mí Feabhra 2025, ceapadh an tUasal Maria Stylianidi an 6 Bealtaine 2025.

4.2. ***An Rúnaíocht***

102. In 2025, lean an Rúnaíocht de bheith ag tacú le comhaltaí an Choiste a gcuid dualgas a chur i gcrích, rud a threisíonn neamhspleáchas OLAF. Meabhraíonn an Coiste, mar a rinne sé sa tuarascáil roimhe seo ([77]), a thábhachtaí atá sé go mbeadh acmhainní leordhóthanacha ag an Rúnaíocht chun tacú leis an gCoiste Maoirseachta agus le rialaitheoir na ráthaíochtaí nós imeachta araon, agus chun deighilt riachtanach na gcúraimí idir an dá chomhlacht a chaomhnú.

103. Chuige sin, chuir an Coiste fáilte sa Rúnaíocht roimh bheirt oifigeach dlí eile in 2025.

104. An tráth céanna, d'fhág Ceann na Rúnaíochta i mí Feabhra 2025, agus d'fhág sé sin gur ghlac an comhalta is sinsearaí atá fágtha sa Rúnaíocht an fheidhm mar Cheann gníomhach na Rúnaíochta ó mhí an Mhárta 2025. Cuireadh bailchríoch ar an bpróiseas earcaíochta le haghaidh Ceann nua na Rúnaíochta go luath in 2026, agus tá ceapachán Cheann nua na Rúnaíochta sceidealaithe le haghaidh an 1 Aibreán 2026.

105. Tar éis do chúntóir riaracháin a ról a fhágáil, seoladh nós imeachta earcaíochta le haghaidh cúntóir riaracháin freisin.

106. Bhí baint ag an gCoiste leis na próisis earcaíochta uile de réir na rialacha is infheidhme. Ní fhéadfaidh oifigigh a shanntar don Rúnaíocht treoracha a lorg ná a ghlacadh riamh maidir le feidhmiú fheidhmeanna faireacháin an Choiste ó aon rialtas ná ó aon institiúid, comhlacht, oifig nó gníomhaireacht. Le rannpháirtíocht an Choiste sna nósanna imeachta earcaíochta sin, áirithítear agus ráthaítear neamhspleáchas an phróisis roghnúcháin.

107. Le linn na bliana, lean an Rúnaíocht, ar nós na coda eile den Choimisiún, ag oibriú ar mhodh hibrideach, is é sin meascán idir obair ar an láthair agus cianobair, agus chuir sí an clár oibre i gcrích mar a comhaontaíodh leis an gCoiste.

([76]) Cinneadh (AE, Euratom) 2022/521 ó Pharlaimint na hEorpa, ón gComhairle agus ón gCoimisiún an 28 Márta 2022 lena gceaptar comhaltaí Choiste Maoirseachta na hOifige Eorpaí Frith-Chalaoise (OLAF).

([77]) Tuarascáil Bhliantúil 2024 ón gCoiste Maoirseachta, mír 114.

108. Tá an Rúnaíocht nasctha ó thaobh riaracháin de (ó bhí mí an Mhárta 2017 ann) leis an Oifig um Riar agus Íoc Teidlíochtaí Indibhidiúla an Choimisiúin Eorpaigh ('PMO'), cé go bhfuil sí lonnaithe i gcrios slándála ar leith laistigh d'áitreabh OLAF. Chuir an Coiste a amhras in iúl go minic roimhe seo – an uair is déanaí ina Thuairim 1/2026 — i dtaobh an é ceangal a Rúnaíochta le PMO an suíomh eagraíochtúil is iomchuí.

4.3. ***Ábhair bhuiséid***

109. EUR 200 000 a bhí sa bhuiséad a bhí ag an gCoiste le haghaidh 2025. Toisc gur fheidhmigh an Coiste le comhdhéanamh laghdaithe ar feadh cuid den bhliain, ba é EUR 139 982,39 an méid iarbhír a eisíocadh faoi dheireadh 2025, arb é thart ar 70 % den mhéid iomlán é.

110. Is é Stiúrthóir PMO an t-oifigeach údaraithe trí fho-tharmligean atá freagrach as caiteachas.